Agriculture and
Food Development
Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2013
# & Ráitis Airgeadais







Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

# Sprioc 1

## Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair níos leithne a fheabhsú



Agriculture and Food Development Authority

### Príomhthéama in 2013



# An Ghéarchéim Fharae

**Mar thoradh ar shéasúir fáis féarach deacair in 2012 de bharr báisteach iomarcach bhí fómhar an-déanach an fhéaraigh le haghaidh sadhlais. Thug feirmeoirí beostoic aghaidh ar gheimhreadh na bliana 2012/2013 le stoic sadhlais a bhí teann go maith agus sadhlas idir chaighdeán measartha agus lag.**



I lár mhí na Samhna, bhí ganntanas sadhlais ar 30% d'fheirmeoirí agus b'é 17% an meán-easnamh agus bhí toradh luath in earrach 2013 tuartha ag go leor feirmeoirí. Bhí na stoic theanna soláimhsithe go dtí go déanach i mí an Mhárta 2013. Shín go leor feirmeoirí a gcuid sadhlais trí bheathaí breise a thabhairt d'ainmhithe, sadhlas agus foráiste eile a cheannach, agus stoc a dhíol i gcásanna áirithe.

Mar thoradh ar chúinsí fáis féaraigh deacra go déanach isteach san earrach bhí torthaí eallach déanacha agus éileamh níos airde ná mar is gnách d'fhoráiste caomhnaithe chun an bearna a bheadh á líonadh de ghnáth ag féar innilte a líonadh. D'fhógair an RTBM an Scéim Iompair Fharae [Fodder Transport Scheme] i dtaca le hiompórtáil bheatha agus bhí an scéim údi bhfeidhm ó lár mhí Aibreáin go dtí go luath i mí na Bealtaine. Cuireadh cúnamh éigeandála ar fáil freisin faoi Chóras Réamhrabhaidh RTBM. Mar thoradh ar earrach déanach ní raibh aon stoc sadhlais i bhformhór na gclós feirme agus dúnadh an talamh sadhlais níos déanaí dá réir. Bhí torthaí sadhlais an chead ghearrtha lag i go leor áiteanna sa tír.

**Céard a rinne Teagasc? – Meithleacha Oibre**

- Bhunaigh Teagasc meitheal oibre inmheánaí ag cuimsiú bainisteoirí réigiúnacha, saineolaithe, comhairleoirí agus taighdeoirí, chun treoir a sholáthar i dtaca le déileáil leis an bhfadhb.
- Bunaíodh Coiste Farae Idirghníomhaireachta faoi chathaoirleacht an Dr. Tom Kelly, Teagasc go luath sa samhradh. San áireamh sa ghrúpa seo bhí comharchumainn, na meáin, Veterinary Ireland, ACA, IGFA, ICMSA, IFA, RTBM agus Teagasc.
- Comhaontaíodh comhthionscnaimh le grúpaí áitiúil an Chórais Réamhrabhaidh


**Suirbhéanna Teagasc**

- Suirbhé um Cháilíocht Sadhlais, Fómhar 2012
- Suirbhé ar stoic sadhlais, Samhain 2012
- Suirbhé ar na cnioglanna, Earrach 2013
- Cuireadh i gcrích móráireamh farae i mí Iúil 2013
- Cuireadh i gcrích Móráireamh Farae i mí Mheán Fómhair 2013

Cuireadh Seirbhísí Comhairleach Teagasc ar théama bainistiú foráiste ar fáil do chách, idir chliaint agus iad siúd nach cliaint iad araon.

**Foilseacháin Teagasc**

- Nótaí teicniúla speisialta i nuachtlitreacha Teagasc, Meán Fómhair 2012
- Comhthionscnamh - Teagasc, IFJ & IFA - Iatán Teicniúil san Irish Farmers Journal - Samhain 2012
- Ailt sna meáin chlóite áitiúla & náisiúnta
- Foilsíodh eagrán speisialta de chuid Today's Farm ag déileáil leis an ngéarchéim san Earrach 2013
- Foilsíodh bileog do na cnioglanna le cur ar fáil do gach custaiméir ag teacht ina dtreo le hainmhithe tite.
- Tacaíocht/nótaí teicniúla soláthartha do chliaint ag teacht chuig oifigí Teagasc don Aoníocaíocht Feirme faoi láthair.
- Nótaí teicniúla scaipthe chuig DVO, IFA, ICMSA & PVPanna.
- Preaseisiúintí.
- Treoir theicniúil á seoladh i dtéacsteachtaireacht chuig gach cliant.
- Úsáideadh téacsteachtaireachtaí chun ceannaitheoirí & díoltóirí na stoc sadhlais a thabhairt le chéile - Earrach 2013
- Ullmhaíodh nóta teicniúil don Chomórtas Treabhdóireachta 2013.




*Reáchtáil Teagasc seisiún Ceisteanna & Freagra beo ar-líne ar théama cothú ainmhithe.*

# Sprioc 1- Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair níos leithne a fheabhsú

## DÉIRÍOCHT

### Comhdháil Náisiúnta Déiríochta Teagasc

Tá Jim Woulfe, Príomh-fheidhmeannach chomharchumann Dairygold ag súil go dtiocfaidh méadú 57% ar sholáthar bainne, nó i bhfocail eile - 540 milliún lítear breise de bhainne, faoi 2020 bunaithe ar fhigiúirí 2011. Ag labhairt dó ag Comhdháil Náisiúnta Déiríochta Teagasc i Luimneach thug sé le fios go bhfuil infheistíocht á déanamh ag Dairygold d'fhonn a chinntiú go mbeidh ar a chumas an bainne breise seo a phróiseáil agus thug sé le fios freisin gealltanas a bheith tugtha ag Dairygold glacadh leis an mbainne breise ar fad a tháirgfidh a soláthróirí ina ndobharcheantar."

Ag labhairt leis an 500 feirmeoir déiríochta a bhí ag freastal ar an gcomhdháil, dúirt Tom O'Dwyer, Ceannaire um Aistriú Eolais Déiríochta le Teagasc, go bhfuil sé ag súil go mbeidh 100 bó ag gnáthfheirmeoir déiríochta teaghlaigh in 2020, mar aon le feirm 50 heicteár agus gur aonad aon-fhir amháin a bheidh ann.

Reáchtáladh an chomhdháil sa Chabhán arís an lá dár gcionn.

### Crú Róbait do Bha Déiríochta Féarach

Tá Teagasc, an Chloch Liath, i gcomhar le comhpháirtithe as Éirinn (Irish Grassland Association), an tSualainn, an Danmhairg, an Ísiltír, an Fhrainc agus an Bheilg, i mbun teicneolaíocht a mbeidh crú róbataice á cuimisiú ann do bha déiríochta féarach a fhorbairt. An t-ainm atá tugtha don tionscadal nuálach seo ná 'AUTOGRASSMILK'.

Is beag feirm in Éirinn sa lá inniu ann a bhfuil úsáid á baint as teicneolaíocht crú róbataice iontu faoi láthair. Moltar i dtuarascáil Food Harvest 2020 gur chóir táirgeadh bainne a mhéadú 50% faoi 2020. D'fhéadfadh go gcabhródh crú róbataice trí díriú ar na nithe seo a leanas:

(i) ilroinnt – sa chás go bhfuil feirmea cha roinnte i níos mó ná bloc amháin, d'fhéadfadh gur deis a bheadh sa chrú róbataice an tréad a roinnt,

(ii) saothar – d'fhéadfadh crú róbataice a bheith mar bhonn le costais saothair ar fheirmeacha a laghdú, go háirithe i gcás feirmeacha atá ag forbairt, agus

(iii) leibhéal iontrála – trí thús a chur le crú róbataice i gcórais féarbhunaithe d'fhéadfaí leibhéal iontrála san fheirmeoireacht déiríochta a thairiscint d'fheirmeoirí agus san am céanna deis a thabhairt dóibh poist eile a bheith acu go dtí go mbeidh an fheirm inmhart



## Sprioc 1- Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair níos leithne a fheabhsú

### Seamhan inscne-aitheanta

Go ginearálta, tá seans 50/50 gur sliocht baineann nó fireann a bheidh ann, ach sa tionscal déiríochta, is mó luach a bhaineann le sliocht baineann ná sliocht fireann. Beidh feirmeoirí déiríochta a mbeidh seamhan inscne-aitheanta in úsáid acu in ann cur leis an líon laonna baineanna beirthe agus ag an am céanna an líon laonna fireanna déiríochta gan ghá a laghdú.
Bhí taighdeoirí Teagasc i gceannas ar thionscadal arbh fhiú €1m é a reáchtáladh i gcomhar le ICBF agus Sexing Technologies, cuideachta atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, tionscadal a raibh sé mar aidhm leis eolas a bhailiú maidir le hinmharthanacht seamhan inscne-aitheanta a úsáid in Éirinn.

Cuireadh staidéar suntasach seamhan-bhunaithe i gcrích ar thart ar 350 feirm déiríochta in earrach 2013, staidéar a raibh breis is 15,000 bó agus lao san áireamh ann.

Rinneadh 4,000 tástáil le haghaidh toirchis ar shampla de na tréada i Meitheamh/Iúil.

Bunaithe ar na sonraí seo, bhí na rátaí giniúna a bhí luaite leis an seamhan inscne-aitheanta reoite cothrom le 87% agus 85% de na rátaí a bhain le gnáthsheamhan i mbearacha agus ba, faoi seach. Ba ionann é seo agus laghdú sa ráta giniúna de 7% aonad i mbearacha agus i mba i gcomparáid le gnáthsheamhan. Ní raibh na torthaí a d'eascair as úsáid a bhaint as seamhan inscne-aitheanta úr chomh maith céanna leis na torthaí a d'eascair as úsáid a bhaint as seamhan inscne-aitheanta reoite. Beidh na torthaí deiridh ar fáil in 2014 nuair a bheidh taifeadadh déanta ar an líon breitheanna a bhaineann leis na ba ar fad atá cláraithe sa triail.

### Pleanáil Airgeadais Cúramach

Thug breis is 10,000 feirmeoir déiríochta aghaidh ar an Lá Oscailte a reáchtáladh ag Ionad Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe & Féaraigh de chuid Teagasc, an Chloch Liath in Iúil 2013. Is iomaí deiseanna agus dúshlán atá i ndán d'fheirmeoireacht déiríochta in Éirinn ó cuireadh deireadh le cuótaí bainne an AE in Aibreán 2015. Cruthóidh na hathruithe seo deiseanna d'fheirmeoirí déiríochta a ngnóthaí feirmeoireachta a fhorbairt agus a athstruchtúrú.

Ba í an aidhm a bhí leis an Lá Oscailte treochlár a fhorbairt d'fheirmeoireacht déiríochta ardbhrabúis faoi réir choinníollacha na hÉireann. Cuireadh in iúl d'fheirmeoirí déiríochta gurb é an príomh-dhúshlán atá ann ná iomaíochas a ngnóthaí feirmeoireachta a mhéadú trí dhul i muinín teicneolaíochtaí féarbhunaithe.



D'fhreastail breis is 250 feirmeoir ar an lá oscailte a reáchtáladh ar fheirm Jim agus Teresa White, an Cluainín, Co. Thiobraid Árann, chun níos mó a fhoghlaim faoi thógáil bearach i bhfoirm athsholáthar déiríochta. Ba ar mhuintir White a bronnadh duais náisiúnta Chomórtas Tógála Bearach 2013.

Dúirt Speisialtóir Déiríochta Teagasc, George Ramsbottom: "I measc na dtrí phríomhghné atá mar bhonn le rath mhuintir White i ndáil le tógáil bearach tá - an bealach a mbainistíonn siad laonna nuabheirthe, an bhéim a leagann siad ar bhainistíocht féaraigh i rith an tséasúir fhéaraigh agus an úsáid a bhaineann siad as taifeadadh meáchain ag tréimhsí tábhachtacha i rith an phróisis tógála bearach

## Brabús Méadaithe ó Fhéarach Athshíolaithe

Trí sheanbháinseacha féaraigh a athshíolú féadfar táirgeadh féir agus brabús a ardú. D'fhreastail breis is 1,400 feirmeoir ar Ócáid Athshíolaithe Féarach a d'eagraigh Teagasc i dTulach Mhór i mí Lúnasa. Bhí féaraigh nua-athshíolaithe ar taispeáint - féaraigh a forbraíodh agus úsáid á baint as modhanna difriúla saothraithe agus síolaithe díreach sé seachtaine roimhe sin.

Bhí deis ag feirmeoirí a bhí páirteach i bpléghrúpaí na buntáistí a bhain leis na modhanna difriúla a úsáideadh chun na báinseacha a bhunú agus na buntáistí a bhain le hathshíolú féir a phlé.
Rinne comhairleoirí Teagasc, Paul Fox agus Mark Coyne cur síos ar an mbealach a bhfuil féaraigh ilbhliantúla athshíolaithe seagalaí 25% níos freagrúla do leasachán nítrigine i gcomparáid le seanfhéaraigh bhuana agus chomh maith leis sin go soláthraíonn siad níos mó féir ag tús an earraigh agus ag deireadh an fhómhair, rud a chiallaíonn go laghdaítear costais bheatha an gheimhridh.




*Cuireann Comhairleoirí Teagasc Paul Fox agus Mark Coyne a gcuid torthaí i láthair ag an Ócáid Athshíolaithe Féarach i dTulach Mhór.*

## PastureBase Ireland

Is uirlis tacaíochta cinnteoireachta do bhainistíocht féaraigh agus meicníocht é PastureBase Ireland a úsáidtear chun sonraí cúlra faoi fheirmeacha a bhailiú.
Coimeádtar na tomhais féaraigh r fad i struchtúr coiteann in PastureBase Ireland. Éascaíonn sé seo cainníochtú fás féir agus táirgeadh DM (iomlán agus séasúrach) i bhfiontair, córais bhainistíochta féaraigh, réigiúin agus ithirchineálacha difriúla trí úsáid a bhaint as prótacal agus modheolaíocht choiteann tomhais.

Ta Pasture Base Ireland in úsáid ar 130 feirm ar fud na tíre anois, 12 feirm de chuid Teagasc ina measc. Tá sé beartaithe freastalaí gréasáin Pasture Base a fhorbairt roimh Lúnasa 2014.

## Aitheantas speisialta.

Ag a gcomhdháil bhliantúil in Ollscoil Nottingham, bhronn Cumann na Breataine um Eolaíocht Ainmhithe [British Society of Animal Science] Dámhachtain Sir John Hammond ar an Dr. Donagh Berry, príomhimscrúdaitheoir um ghéinitic staitistiúil ag Teagasc.

Bronntar an dámhachtain seo ar eolaithe ag tús nó ag lár a ngairme, a bhfuil curtha acu ar bhealach sun-tasach le heolaíocht agus táirgeadh ainmhithe a fhorbairt.

Bronnadh an duais ar an Dr. Berry mar aitheantas ar an obair cheannródaíoch atá déanta aige ar mhaithe le hacmhainní táirgthe eallaigh na hÉireann a fheabhsú. Dúirt Chris Warkup, uachtarán BSAS, go raibh obair mhór déanta ag an Dr. Berry i réimse na heolaíochta géanómaíche, obair a chabhraigh lena chinntiú go bhfuil Éire ar thús cadhnaíochta i réimse na géinitice déiríochta.



## MAIRTEOIL

Ó tharla súil a bheith le méadú ar an líon ba déiríochta agus úsáid a bhaint as seamhan inscne-aitheanta a bheith á rolladh amach ar fud na tíre táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar an líon ainmhithe mairteola a bheidh ag teacht ón tréad déiríochta sna blianta amach romhainn.
Is é an dúshlán a bheidh le sárú ag feirmeoirí mairteola na hÉireann ná teacht ar an mbealach is fearr chun na heallaí seo a sholáthar i gcórais mhairteola atá brabúsach agus inbhuanaithe.

Tá scrúdú déanta ag an Dr. Paul Crosson atá lonnaithe in ionad Teagasc sa Ghráinseach ar na torthaí a d'fhéadfadh eascairt ó chórais éagsúla lao déiríochta go mairteoil: "Is féidir ollchorrlaigh de bheagnach €1500/ha agus glanchorrlaigh de bheagnach €900/ha a fháil as córais lao déiríochta go mairteoil. Is iad na nithe is tábhachtaí ná go mbeadh an tréad i mbarr a shláinte chun caillteanais a laghdú agus céatadán an-ard a bhaint amach thar an saolré iomlán ó fhéar innilte.

Is iondúil go mbíonn córais atá bunaithe ar chrosantaigh luathfháis níos brabúsaí; ach, is féidir torthaí maithe eacnamaíocha a fháil as córais Holstein-Freaslannacha íona chomh maith céanna."

### Ag Pórú le haghaidh Cáilíochta

Sa tionscadal taighde nua, Breed Quality, ina mbeidh páirt á ghlacadh ag Teagasc, UCC, UCD agus ICBF, bainfear úsáid as uirlisí úrscothacha chun cineálacha cur chuige feinitíopaigh, géinitigh agus géanómaíochta a fhorbairt le haghaidh straitéise náisiúnta chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chomhsheasmhacht táirgí bainne agus feola ó eallach agus ó chaoirigh na hÉireann.

Míníonn an Dr Donagh Berry, Ionad Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe & Féaraigh de chuid Teagasc, an Chloch Liath: "Chun comhsheasmhacht ó thaobh na cáilíochta de a bhaint amach, caithfear míniú na cáilíochta do thomhaltóirí a chur síos, a thuiscint agus a aistriú go sonraíochtaí teicniúla ag gach céim de shlabhra an tsoláthair.

An chéad tasc a bheidh ar an tionscadal Breed Quality ná taifead a dhéanamh de thábhacht coibhneasta na saintréithe cáilíochta maidir le sástacht an tomhaltóra agus an chustaiméara a sheachadadh agus treoróidh sé sin fócas an taighde 'ag pórú le haghaidh cáilíochta'."

## CAOIRIGH

### Deiseanna chun an Earnáil Chaorach a Mhéadú

In 2012 b'fhiú €209 milliún aschur caorach na hÉireann ach tá scóip shuntasach ann fós chun aschur ar fheirmeacha caorach in Éirinn a fheabhsú.

Ag an gComhdháil Náisiúnta Caorach de chuid Teagasc tarraingíodh aird feirmeoirí ar na deiseanna atá ann sláinte ainmhithe ar fheirmeacha caorach a fheabhsú. Leagadh béim chomh maith céanna ar na straitéisí is fearr chun riachtanais chothaitheach caorach agus uan pórúcháin a chomhlíonadh.

Dúirt Ceannaire um Fhiontraíocht

## Sprioc 1- Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair níos leithne a fheabhsú

Caorach de chuid Teagasc, an tOllamh Michael Diskin, go bhfuil an baol a bhaineann le frithsheasmhacht fhrith-heilminteach i dtréada caorach ag méadú. Tá gá le straitéisí nua dáileoige chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na dtáirgí atá ar fáil a chothú.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Michael Gottstein, Ceannaire Chlár um Aistriú Eolais Caorach de chuid Teagasc: "Tá fianaise ann go mbíonn pléghrúpaí mar bhonn le táirgiúlacht agus le leibhéil bhrabúis i bhfiontair fheirmeoireachta eile a mhéadú. Tá an deis agus an dreasacht chéanna anois ar fáil d'fheirmeoirí caorach tairbhe a bhaint as STAP. Baineann an poitéinseal leis níos mó ná íocaíocht €1,000 a sheachadadh do gach comhalta, trí thairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí nua ar fheirmeacha rannpháirteacha."

D'fhreastail breis is 1,200 feirmeoir caorach ar lá oscailte caorach Teagasc i mBaile Átha an Rí tráth ar roinneadh eolas leo maidir leis an taighde is déanaí atá á dhéanamh agus ar cuireadh comhairle orthu maidir leis an tslí is fearr chun uaineoil a tháirgeadh go brabúsach.

Léiríodh ag feirm taispeántais caorach de chuid Teagasc i mBéal Átha an Rí gur féidir ardleibhéil d'aschur uaineola a bhaint amach trí thairbhe cothú féarbhunaithe den chuid is mó.

Dúirt taighdeoir Teagasc, Philip Creighton, le feirmeoirí go mbaineann fíorthábhacht le rátaí stocála agus sliochtmhaireacht chun an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as aschur uaineola.

amach chomh fada is a bhaineann le táirgiúlacht agus le brabúsacht ar fheirmeacha tráchtála atá páirteach i gclár BETTER FArm Sheep de chuid Teagasc.

D'éirigh leis na tréada ísealchríche a bhí páirteach sa chlár ollchorrlach de €670 an heicteáir, ar an meán, a bhaint amach in 2012, méadú ó €290 an heicteáir in 2009. Tá 32,580 tréad caorach in Éirinn agus ghlac 12,580 de na feirmeoirí caorach seo a raibh ioncam feirme de €16,898 ar an meán acu in 2012 páirt i Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc. 49 heicteár, ar an meán, a bhí i bhfeirm caorach.

Tá breis is 2,000 feirmeoir caorach ag Teagasc anois i 144 Grúpa Glactha um Theicneolaíocht Caorach, grúpaí atá á n-éascú ag 70 comhairleoir Stoc Tirim B & T. Tá pléghrúpaí mairteola á n-éascú ag formhór na gcomhairleoirí seo freisin.

*Comhairleoir B & T de chuid Teagasc Terry Carroll ag labhairt ag an Lá Oscailte agus Taispeántas Caorach i mBaile Átha an Rí ar a d'fhreastail os cionn 1,200 feirmeoir caorach.*




# Sprioc 1- Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair níos leithne a fheabhsú

Bhí Fóram Náisiúnta Barr Curaíochta Teagasc dírithe ar dhá phríomhthéama: Táirgeadh brabúsach barr agus an Treoir ar Úsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí. Beidh tionchar ag an Treoir nua ar shaothróirí, oibreoirí spraeirí, comhairleoirí agus na ceirdeanna gaolmhara. Tá an reachtaíocht seo á rolladh amach anois.

Tharraing Sheila Macken ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, aird ar shuntas na reachtaíochta ag an bhFóram. Rinne Frank Wijnands, Ollscoil agus Ionad Taighde Wageningen, an Ísiltír, cur síos ar thaithí mhuintir na hÍsiltíre agus a thábhachtaí is atá sé go mbeadh na páirtithe leasmhara ar fad san áireamh.

## Poitéinseal Toraidh i mBarra Curaíochta

Le linn dó a bheith ag freastal ar an Lá Oscailte Barr de chuid Teagasc i mí an Mheithimh, thug John Spink, Ceannaire um Thaighde Barr Teagasc i bPáirc na Darach, Ceatharlach le fios nach mór do shaothróirí iarracht leanúnach a dhéanamh an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as an bpoitéinseal ardtoraidh in Éirinn, trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht cheart, úsáid a bhaint as na cineálacha barr is oiriúnaí agus úsáid bheacht ionchur. Dúirt sé gur eascair dúshláin go leor as droch-choinníollacha aimsire d'fhás barr i bhfómhar 2012, an geimhreadh fada agus an t-earrach fuar. Ach dúirt sé, dá ainneoin seo, gur éirigh go maith le formhór na mbarr a d'fhás i gcoinníollacha réasúnacha agus gur chúitigh siad seo don mhoill a bhí ar fhás agus ar fhorbairt barr níos túisce sa bhliain.




## Lámhleabhar Teagasc ar Dhraenáil agus Cosaint Ithreach

D'fhorbair agus sheol Teagasc lámhleabhar nua ar dhraenáil talún ag comhdháil déiríochta Teagasc a reáchtáladh i mí na Samhna i mbliana. Baineann dúshláin ar leith le hithir in Éirinn. Ciallaíonn an éagsúlacht mhór ithreacha agus deacrachtaí ithreach go bhfuil gach dúshlán draenála difriúil. Tá mionscrúdú cúramach an tsuímh; diagnóis ghairmiúil; measúnú stuama ar chostais/buntáistí; cur chun feidhme saineolach tionscadal beartaithe agus measúnú cuí ar fhachtóirí comhshaoil riachtanach.



*Fógairt um maoiniú IFA le haghaidh taighde Curaíochta i bPáirc na Darach. An Dr. Frank O'Mara, Stiúrthóir Taighde de chuid Teagasc, Pat Smith, Ard-Rúnaí IFA, an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir de chuid Teagasc, John Bryan, Uachtarán IFA, John Spink, Ceannaire um Thaighde Barr, Teagasc, Noel Delaney, Cathaoirleach ar Choiste Gráin IFA.*



## BAINISTÍOCHT FEIRME

### Gineann Comhaltaí Phléghrúpa Brabúis Níos Airde

Tá níos mó seans ann go nglacfaidh feirmeoirí ar comhaltaí de phléghrúpaí iad, ná feirmeoirí nach comhaltaí de phléghrúpaí iad, le teicneolaíochtaí nua, go mbeidh feidhmíocht fhisiciúil níos airde á baint amach ina bhfiontar feirmeoireachta acu mar aon le leibhéil bhrabúis níos airde a ghiniúint. Ba iad sin príomhthorthaí tuarascáil mheastóireachta neamhspleách a rinne Broadmore Research dar teideal 'Tionchar na Rannpháirtíochta i bPléghrúpaí Déiríochta de chuid Teagasc'

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Pat Bogue ó Broadmore Research: "Thuill feirmeoirí ar comhaltaí de phléghrúpaí déiríochta iad ollchorrlaigh a bhí níos airde go staitistiúil, thart ar €240 an heicteár, i gcomparáid le feirmeoirí nach comhaltaí de phléghrúpaí déiríochta iad. D'éirigh le céatadán níos airde de chomhaltaí grúpa na spriocanna fisiciúla a bhí sonraithe i dTreochláir Teagasc a bhaint amach i gcomparáid leo siúd nach comhaltaí grúpa iad.

Bhí tionchar dearfach ag an gClár Éifeachtúlacht Déiríochta (DEP) ar bhainistíocht féaraigh, pórúcháin agus airgeadais."

D'fháiltigh Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle roimh an mheastóireacht neamhspleách a rinneadh ar phléghrúpaí déiríochta de chuid Teagasc. Dúirt sé: "Is ionann pléghrúpaí agus príomh-mhodheolaíocht atá in úsáid ag Teagasc chun teicneolaíocht nua a aistriú chuig feirmeoirí. Tá seans 20% níos mó ann go nglacfaidh feirmeoirí ar comhaltaí grúpa iad le teicneolaíochtaí nua agus go bhfeabhsóidh siad cleachtais nithe a n-eascróidh tairbhe airgeadais don fheirmeoir astu. I gcás feirm déiríochta 40 heicteár mar shampla, is fiú, €10,000 ar an méan, é seo."

Tá Teagasc freagrach as 697 pléghrúpa ar fad, grúpaí a chlúdaíonn réimsí cosúil le déiríocht, mairteoil, caora agus curaíocht, agus tá 12,000 comhalta ar feirmeoirí iad páirteach sna pléghrúpaí seo. Ó 2009 anonn, tá beartas rialtais, tríd an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag tacú le méadú sa líon pléghrúpaí trí chláir DEP, BTAP agus STAP.

*Feirmeoir curaíochta Cheatharlach Fergus Cole le comhairleoir curaíochta B & T Phelim McDonald.*





## Sonraí Bainistíochta Teagasc don Phleanáil Feirme

Tá mionsonraí maidir le hairgeadas feirme le fáil san fhoilseachán seo d'fhonn cabhrú leo siúd ar fad a bhfuil baint acu le gnóthaí feirme a phleanáil agus anailís a dhéanamh orthu. San áireamh ann tá buiséid do bheostoc, barra, gairneoireacht, agus fiontair feirme eile. Tá eolas le fáil ann freisin maidir le cánachas, leas sóisialach, deontais agus scéimeanna.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag speisialtóir bainistíochta airgeadais Teagasc, agus eagarthóir an fhoilseacháin, James McDonnell: "Tá na buiséid do na príomhfhiontair bunaithe ar fheidhmíocht iarbhír ar fheirmeacha agus tomhaiste trí úsáid a bhaint as uirlis bainistíochta feirme - córas monatóireachta E-profit de chuid Teagasc. Chomh maith leis sin, tá torthaí Shuirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc le fáil sa leabhar, torthaí a thugann léargas stairiúil ar an ioncam foriomlán ginte do na fiontair dhifriúla feirme."

*An Dr. Tom Kelly, an tUas. Tom Collins, Comhalta an Údaráis agus an tUas. Tom Doherty ag seoladh Treochláir 2020 de chuid Teagasc don Fheirmeoireacht Níos Fearr Teagasc 2020 Road Map to Better Farming*



Dúirt an Ceannaire um Bainistíocht Feirme agus Forbairt Tuaithe, Fintan Phelan: "De bhrí go bhfuil a lán feirmeoirí ag smaoineamh ar a bhfiontar feirme a fhorbairt, agus feirmeoirí eile fós ag smaoineamh ar ghnóthaí nua a bhunú, nó tabhairt faoi fhiontair eile, is éard atá sa leabhar sonraí bainistíochta feirme seo ná sonraí treoirlíne a chabhróidh le feirmeoirí tabhairt faoi aistriú rathúil gnó i rith tréimhse athraithe."

Sheol Tom Hayes TD, Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na Sonraí Bainistíochta de chuid Teagasc don Phleanáil Feirme ag seastán de chuid Teagasc ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

## Treochláir 2020 de chuid Teagasc

Tarraingítear aird i dTreochláir 2020 de chuid Teagasc don Fheirmeoireacht Níos Fearr [Teagasc 2020 Road Maps to Better Farming], ar threo na n-earnálacha ar leith, an méid agus an cruth a meastar a bheidh ar gach earnáil amach anseo, na dúshláin a bheidh le sárú agus na deiseanna le tapú. Chomh maith céanna, leagtar béim ar na ceisteanna beartais agus margaidh a mbeidh sé riachtanach dul i ngleic leo.

Chomh maith céanna, leagtar béim ar na ceisteanna beartais agus margaidh a mbeidh sé riachtanach dul i ngleic leo.

I measc na réimsí a leagtar béim orthu sna 9 dtreochlár tá déiríocht, ba mairteola dhiúil, muca, caoirigh, curaíocht, foraoiseacht, gairneoireacht, comhshaol agus bia. Tá spriocanna éifeachtúlachta teicniúla sonraithe d'fhiontar feirme chun cabhrú le feirmeoirí a bhfeidhmíocht féin a thagarmharcáil i gcomórtas le feidhmíocht na bhfiontar is rathúla.

Dúirt an Dr. Tom Kelly, Stiúrthóir um Aistriú Eolais de chuid Teagasc: "Léiríonn na treochláir seo na spriocanna atá sonraithe i dtuarascáil Food Harvest 2020 an Rialtais, tuarascáil ina bhfuil léargas le fáil ar na spriocanna fáis uaillmhianacha atá tuartha do thalmhaíocht na hÉireann. Chomh maith céanna, tá eolas le fáil sna treochláir de chuid Teagasc faoin treo a ghlacfaidh gach earnáil, mar aon leis na leibhéil feidhmíochta teicniúla ar féidir a bhaint amach ag leibhéal feirme.





Leagtar amach na gníomhartha a theastaíonn sa réimse taighde, comhairleach agus oideachais d'fhonn cabhrú leis na hearnálacha forbairt sna seacht mbliana amach romhainn."

Sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney TD, Treochláir 2020 de chuid Teagasc do phríomhfhiontair na talmhaíochta agus an bhia ag an gcomórtas treabhdóireachta i gCo. Laoise, i mí Mheán Fómhair.

## Ag Ullmhú Gnóthaí Feirme don Athrú

Ba é 'Gairmithe ag obair le chéile' téama Chomhdháil Gnó Feirme Teagasc a reáchtáladh i mí na Samhna. D'fhreastail aturnaetha, cuntasóirí, ceantálaithe agus gairmithe eile a oibríonn le feirmeoirí ar an gcomhdháil. I rith na comhdhála tarraingíodh aird ar na hathruithe beartais atá ag tarlú san earnáil talmhaíochta, mar aon leis na dúshláin agus leis na réitigh phoitéinsiúla a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do chliaint na ngairmithe a bhí ag freastal ar an gcomhdháil.

Ábhar tábhachtach plé idir feirmeoirí agus a gcomhairleoirí gairmiúla ba ea cinntí a bhaineann le haistriú gnó feirme agus sócmhainní gaolmhara chuig an gcéad ghlúin eile.

I measc na ngnéithe tábhachtacha den chinneadh tá an struchtúr gnó is fearr a aimsiú do na himthosca i gceist agus do na riachtanais a bheidh ag an bhfeirmeoir reatha agus ag an té atá ag glacadh freagrachta as an ngnó feirme amach anseo

*Denis agus Brian Meade Co. na Mí.*



## Seoltar Socruithe Feirm -eoireachta Comhoibríoch

Tá plean gníomhaíochta mionsonraithe ullmhaithe ag Teagasc chun feirmeoirí a spreagadh le páirt a ghlacadh i socruithe foirmiúla comhoibríocha le feirmeoirí eile. I measc na socruithe seo tá comhpháirtíochtaí foirmiúla feirme bunaithe ar fheirmeoireacht roinnte, stocbheathú ar conradh, socruithe fadtréimhseacha léasaithe talún, grúpaí táirgeoirí agus comharchumainn bheaga.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Ben Roche, Speisialtóir Struchtúr Feirme le Teagasc; "Tá idir buntáistí eacnamaíocha, scileanna agus buntáistí sóisialta le baint as socruithe comhoibríocha feirmeoireachta d'fheirmeoirí. Is ionann iad agus féidearthacht a sholáthar d'fheirmeoirí torthaí airgeadais a mhéadú trí scála níos fearr a bhaint amach ag costais chaipitil níos ísle agus ag an am céanna laghdaítear costais atá á ndúbailt ar gach feirm aonair. Is deis atá sna socruithe comhoibríocha freisin chun scileanna agus áiseanna saothair a thabhairt le chéile agus d'fhéadfadh gur deis a bheadh iontu freisin "múnla fheirm an aon-fhir amháin" a fhágáil ar gcúl.

Bronnadh cóip de phlean gníomhaíochta Teagasc ar an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney TD i mí Eanáir.

# Sprioc 1- Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair níos leithne a fheabhsú



Taighdeoir muc an Dr. Keelin O'Driscoll agus speisialtóirí muc Shane Brady agus Amy Quinn.

## MUCA

### Seolann Teagasc agus IFA Clár Comhpháirteach maidir le Muca

Seoladh Clár Comhpháirteach Taighde agus Comhairleach maidir le Muca de chuid Teagasc/IFA i mí Dheireadh Fómhair. Tríd an gClár Comhpháirteach tacóidh Teagasc le táirgeoirí muc na hÉireann trí chomhairle, taighde agus oideachas a sholáthar maidir le saincheisteanna a mbaineann tábhacht leo san earnáil trí chéile.

Is trí thobhach táirgeoirí muc a bheidh maoiniú á sholáthar don chlár, tobhach a chuirfidh ar chumas Teagasc na seirbhísí atá á soláthar aige don earnáil muc a fheabhsú. D'fháiltigh Ciarán Carroll, Ceannaire ar an Rannóg Forbartha Muc de chuid Teagasc roimh an tionscnamh, ag rá:

Cuirfidh an clár ar chumas Teagasc raon níos leithne seirbhísí a sholáthar don earnáil. Úsáidfear an tobhach chun beirt chomhairleoirí nua, beirt taighdeoirí nua agus teicneoir a mhaoiniú."

Mar chuid den tseirbhís chomhairleach tabharfar cuairt bhliantúil ar tháirgeoirí chun cabhrú leo plean gnó bhliantúil don fheirm a ullmhú agus a athbhreithniú. Beidh seirbhísí eile á soláthar freisin lena n-áirítear comhdháil bhliantúil na muc, ceardlanna, cruinnithe grúpa, laethanta chun torthaí taighde a roinnt, pléghrúpaí, nuachtlitreacha agus clárú rannpháirtithe ar an gcúrsa muc fíor-rathúil FETAC

## PÓRÚ PLANDAÍ

### Cineálacha Nua Féir & Seimre

In 2013 bronnadh Liostú Molta ar thrí sheagalach nua ilbhliantúla agus ar dhá chineál nua de sheamair bhán. Cuireadh Carraig, seagalaí luath ilbhliantúil theitreaplóideach, leis na Liostaí Molta i dTuaisceart Éireann, in Albain agus i Sasana/an Bhreatain Bheag. Cuireadh Claddagh, seagalach Ghaelach dhioplóideach ilbhliantúil, ar liosta na Gearmáine agus Giant, seagalach Ghaelach theitreaplóideach ilbhliantúil, ar liosta na Beilge. Cuireadh Iona, seamair bhán mheánach, leis an Liosta Molta i dTuaisceart Éireann. Cuireadh Buddy, seamair bhán mheánach, leis na Liostaí Moltaí san Albain agus i Sasana/an Bhreatain Bheag.

Ceadaíodh dhá sheagalach ilbhliantúla eile (GlenRoyal, dioplóideach mall; Solas, teitreaplóideach mall) agus dhá sheamair bhána (Buddy agus Iona, meánach) a chur le Liosta Molta na hÉireann, faoi réir infhaighteacht síolta

### Goldcrop

Ag an Lá Oscailte Déiríochta Náisiúnta de chuid Teagasc sa Chloch Liath i mí Iúil. D'fhógair Teagasc agus Goldcrop comhaontú fadtéarmach a chiallaíonn go mbeidh Goldcrop i mbun margaíochta agus síolraithe ar an ábhar foráiste go léir ó chlár póraithe Féir agus Seimre de chuid Teagasc go ceann 10 mbliana.

### Pórúchán Prátaí

Scaoil clár Pórúcháin Phrátaí de chuid Teagasc dhá chineál práta nua in 2013. Tá Bikini ar éagsúlacht phríomhbhairr le cáilíocht agranamaíochta agus itheacháin atá cosúil leis an Rooster. Tá dath craicinn fíor-neamhghnách ag an gcineál práta seo (dearg agus buí araon i bpaistí sainithe) agus ba cheart go gcuirfeadh sé sin le díolacháin nuaga. Tá Casino ar chineál práta ábhair thirim fada ubhchruthach le dath buí air, a bhfuil cáilíocht itheacháin agus cuma den chéad scoth aige.
Tá an cineál seo práta oiriúnach le haghaidh sceallóga freisin.
Tá cineálacha prátaí Teagasc a scaoileadh roimhe seo, Electra agus Nectar, bunaithe go maith anois i margaí na Breataine Móire agus na hEorpa. Tá éirithe go maith le Infinity i ndian-trialacha criospaithe tionscail agus é glactha anois ag go leor déantóirí criospaí. Scaoilfear trí chineál eile in 2014.

# Helen Grogan
## Taighdeoir Sinsearach

**Tá tionscal na muisiriún in Éirinn anois ar cheann de na cinn is fearr ar domhan, ag táirgeadh ardchaighdeán muisiriún i seomraí fáis atá go mór chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de agus le leibhéil éifeachtúlachta a bhíonn ard go comhsheasmhach. Tá rath an tionscail san earnáil iomaíoch seo ann a bheag nó a mhór a bhuíochas le spiorad fiontraíoch na bpríomhpháirtithe leasmhara. Tá teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí nua glactha de láimh acu i dtaca le múiríniú, fás agus fómhar, as a thagann táirgiúlacht agus éifeachtúlacht mhéadaithe trí chéile.**



*Dr. Helen Grogan*

Tá muisiriúin ar phríomh-onnmhaire gortóireachta na hÉireann le luach ag geata na feirme de €112 milliún, as a ndéantar easpórtáil ar nach mór 80% dá chuid.  Tacaíonn Teagasc leis an tionscal nua-aimseartha dinimiciúil seo le soláthar beirt chomhairleoirí teicniúla, Gerry Walsh agus Tom Kellegher, agus taighdeoir sinsearach an Dr. Helen Grogan. I dteannta a chéile tugann siad aghaidh ar ábhair imní agus riachtanais an tionscail thar raon gníomhaíochtaí ó fhorbairt ghairmiúil leanúnach foirne na bhfeirmeacha muisiriún go comhairle theicniúil ar bharrfheabhsú na bhfoinsí fuinnimh malartacha go taighde ar chúrsaí lotnaidí agus galair.

Ba ghnóthach an bhliain í 2013 d'fhoireann Teagasc. Le mór-thionscadal taighde cistithe ag an AE dar teideal 'MushTV' arna chomhordú ag Teagasc, chonacthas an grúpa ag obair go dlúth le taighdeoirí agus comhpháirtithetionscail ar fud na hEorpa, ag aithint réitigh teicniúla chun tacú le réitigh um shrianadh comhtháite lotnaidí (IPM) aistigh de chreat na Treorach um Úsáid Inbhuanaithe (SUD). D'éascaigh an grúpa táirgeadh Phlean Forbartha na hEarnála Muisiriún go 2020, ag aithint riachtanais na hearnála ionas go bhfanfadh sí inmharthana agus beoga sna blianta romhainn amach. Reáchtáladh an chomhdháil débhliantúil Comhdháil Uile-Éireann na Muisiriún in 2013 agus nascadh leis tionscal na Breataine don chéad uair. D'oibrigh comhairleoir teicniúil Tom Kellegher go dlúth leis an Eagraíocht Táirgeoirí Muisiriún CMP (Táirgeoirí Muisiriún Tráchtála), le ról ríthábhachtach á ghlacadh i dtaca le cúnamh forbartha AE a tharraingt anuas don tionscal.



Beidh aghaidh á thabhairt ag an earnáil ar dhúshláin suntasacha amach anseo, go príomha de bharr leathnú an tionscail i mórthír na hEorpa. Ní mór don earnáil fanacht inbhuanaithe agus éifeachtúil, ach ag an am céanna iarracht a dhéanamh bealaí nuálaíocha a aithint le go mbeadh muisiriúin na hÉireann ar an rogha táirge ar an margadh.

Tá foireann Teagasc tiomanta don obair go dlúth le fiontraithe tionscail chun cur chun cinn na hearnála muisiriún a éascú. Chuige seo, tá Teagasc ag infheistiú in áis muisiriún nua den chéad scoth ag campas Bhaile an Ásaigh atá le comhlíonadh go luath in 2015.

# Sprioc 1- Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair níos leithne a fheabhsú

## BIA

### Deiseanna nua i gcáis

In 2013 dhírigh Teagasc ar thrí mhórdheiseanna san earnáil cáise a d'eascair as comhoibriú idir an Bord Bainne/Teagasc. Sheol an tAire Coveney cáis amháin in Riyadh i mí na Samhna. Tá an IDB le €20m a infheistiú sa mhonarcha. Tá sé beartaithe an dara cáis a sheoladh ag tús 2014. Tá trialacha tráchtála á ndéanamh ar an tríú cáis i gComharchumann Déiríochta in Éirinnearch Centre, Fermoy, Co Cork.

### Micreaflóra a rialú ag bia

Tá sa bhreis ar 10 n-uaire an méid ceall baictéarach i gcomparáid le cealla daonna i gcorp an duine. Is ann do sa bhreis ar na trilliúin de na baictéir seo - ar a dtugtar micreaflóra na stéige - agus tá siad déanta de bhreis is 1,000 speiceas difriúil a bhfuil tairbhe éigin le baint as a bhformhór.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an Ollamh Paul Ross, Ceannaire um Chlár Taighde Bia de chuid Teagasc agus Príomhthaighdeoir in Ionad Cógasbhitheach an Bhia, Teagasc, Ionad Taighde Bia, an Chloch Liath, "is léir ó thaighde atá déanta go bhfuil tionchar ollmhór ag an mbia a ithimid ar an micreaflóra seo agus chomh maith leis sin gur féidir próifíl an bhailiúcháin bhaictéir seo a nascadh le stádas sláinte an duine".

Ainneoin go bhfuil comhdhéanamh an mhicreaflóra an-chobhsaí i rith na haosachta, tá tréimhsí ann nuair a bhíonn an comhdhéanamh céanna thar a bheith dinimiciúil – ag tréimhsí suntasacha de shaol an duine, m.sh., i ndiaidh na breithe, nuair is ann do riochtaí athlastacha putóige, ionfhabhtú gastraistéigeach agus i ndaoine scothaosta. In ainneoin na cobhsaíochta seo, léiríonn an micreaflóra ardleibhéal éagsúlachta aonair ag léiriú difríochtaí i stíl mhaireachtála, aiste bia, géineolaíocht ósta, s.rl.

Mar chuid de thionscadal dar teideal ELDERMET, rinne foireann eolaithe ó UCC/Teagasc, faoi cheannaireacht an Ollaimh Paul O'Toole, próifíliú ar an micreaflóra faecach ó dhaoine scothaosta in áiteanna cónaithe difriúla lena n-áirítear ionaid phoiblí, ospidéal lae, ionaid athshlánúcháin agus ionaid chúraim chónaithe fhadtréimhseacha.

D'aimsigh an staidéar gur ann do nasc idir an micreaflóra agus an t-ionad cónaithe. Mhínigh an tOllamh Ross gur "fianaise ba ea na torthaí nach raibh an éagsúlacht chéanna ag baint le micreaflóra aonair daoine i gcúram fadchónaithe agus a bhí i measc daoine a bhí ina gcónaí i measc an phobail." "Ina theannta sin, rinneadh anailís ar na daoine seo i ngrúpaí bunaithe ar a n-aiste bia, bunaithe ar a n-ionad cónaithe agus bunaithe ar ghrúpaí micreaflóra.

Díol spéise ba ea go raibh nasc idir deighilt an chomhdhéanaimh mhicreaflóra agus paraiméadair sláinte sna daoine seo lena n-áirítear bearta bunaithe ar leochaileacht, comhghalracht, stádas cothaitheach, marcóirí athlasta agus meitibilítí in uisce faecach".

Nuair a dhéantar anailís ar na sonraí seo i dteannta a chéile is fianaise iad ar thionchar a bheith ag aiste bia ar mhicreaflóra na stéige - a bhfuil nasc idir a chomhdhéanamh agus stádas sláinte. Is deis iontach a leithéid d'eolas cabhrú leis an tionscal bia comhábhair bhia agus forbhianna a dhearadh a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an micreaflóra ar bhealach a chuirfeadh le stádas sláinte feabhsaithe tomhaltóirí. Díol spéise é staidéar gaolmhar dar teideal INFANTMET, atá á mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus faoi cheannaireacht an Ollaimh Catherine Stanton ag Teagasc sa Chloch Liath, staidéar atá dírithe ar iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt mhicreaflóra na stéige i dtús an tsaoil mar thoradh ar bheathú cíche.

"Díol spéise a bheidh sa staidéar seo don Tionscal Naí-Ullmhóide a tháirgeann thart ar 12% d'easpórtalacha domhanda san earnáil seo. I gcomhthéacs náisiúnta, go bhfuil deis iontach ag Éire anois tairbhe a bhaint as ceann de na réimsí is spéisiúla sa taighde bitheolaíoch ó tharla dlús a bheith faoi Thionscal Agraibhia na tíre agus iarracht ar bun éagsúlacht níos mó táirgí bia breisluacha a sholáthar a rachaidh chun tairbhe thomhaltóir an lae inniu," a mhínigh an tOllamh Ross·

### Deiseanna nua i gcáis

In 2013 dhírigh Teagasc ar thrí mhórdheiseanna san earnáil cáise a d'eascair as comhoibriú idir an Bord Bainne/Teagasc. Sheol an tAire Coveney cáis amháin in Riyadh i mí na Samhna. Tá an Bord Bainne le €20m a infheistiú sa mhonarcha. Tá sé beartaithe an dara cáis a sheoladh ag tús 2014. Tá trialacha tráchtála á ndéanamh ar an tríú cáis i gComharchumann Déiríochta in Éirinn.



*An tOllamh Paul Ross, an tUas. Kevin Lane, an tUas. Mubarik Bajuwaiber, Cathaoirleach AL-WISSAM ALARABI, an tAire Simon Coveney.*

## Comhoibriú leis an mBord Bainne

Dúirt an tOllamh Paul Ross, Ceannaire ar Chlár Taighde Bia de chuid Teagasc: "Cúis áthais do Teagasc a bheith ag obair i gcomhar leis an mBord Bainne chun na teicneolaíochtaí a forbraíodh san ionad taighde bia sa Chloch Liath a chur i bhfeidhm, chun cineálacha cáise úra a fhorbairt do mhargaí sa Mheánoirthear. Is í aidhm an chomhoibrithe leanúint le píblíne nua de tháirgí nuálacha a fhorbairt chun riachtanais tomhaltóirí agus custaiméirí sonracha a chomhlíonadh don Bhord Bainne i bpríomh-mhargaí domhanda. Cuirfidh sé seo leis na torthaí a gheobhaidh feirmeoirí don bhainne atá á tháirgeadh acu.".

This will contribute to the returns farmers receive for the milk they produce."



PRÍOMHTHÉAMA IN 2013

# Comhoibriú níos dlúithe idir an Ríocht Aontaithe agus Éire san Earnáil Agraibhia




*An tOll. Gerry Boyle, Stiúrthóir de chuid Teagasc, an tAire Talmhaíochta, Nia agus Mara, Simon Coveney TD, Rúnaí Stáit na Ríochta Aontaithe don Chomhshaol, Bia agus Gnóthaí Tuaithe, an Ró-Onórach Owen Paterson, an tUas. Simon McKeever, Stiúrthóir Trádála agus Infheistíochta Ambasáid na Ríochta Aontaithe, Baile Átha Cliath.*

Reáchtáladh an chéad Chruinniú Mullaigh agus Taispeántas um Nuálaíocht Gnó Bia idir an Ríocht Aontaithe-Éire i Staid an Aviva, Baile Átha Cliath, ar an gCéadaoin, 29ú Bealtaine. Ba é téama an imeachta 'Saothrú sineirgí d'fhorbairt trí nuálaíocht, taighde, scileanna agus eolas', imeacht a thug breis is 300 feidhmeannach agus miondíoltóir ó chuideachtaí móra ón Ríocht Aontaithe agus as Éirinn le chéile, mar aon le lucht déanta beartas agus bainisteoirí taighde. Ag an gcruinniú mullaigh lae pléadh na príomhdheiseanna atá ann do nuálaíocht san earnáil bia agus an poitéinseal suntasach a bhaineann le dlúth-chomhoibriú san earnáil agraibhia.

Thug Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann, Simon Coveney TD agus Rúnaí Stáit na Ríochta Aontaithe do Chomhshaol, Bia agus Gnóthaí Tuaithe, an Ró-Onórach Owen Paterson, MP, spreagaitheasc an duine. Bhí an méid seo a leanas le rá ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney TD: "Deis iontach atá sa chruinniú mullaigh seo d'fheidhmeannaigh cuideachtaí bia, miondíoltóirí agus bainisteoirí taighde as an dá thaobh de Mhuir Éireann teacht le chéile chun na príomhdhúshláin a bhaineann le taighde, scileanna agus eolas mar aon leis na deiseanna atá ann do nuálaíocht san earnáil bia a phlé. Ba é nuálaíocht príomhthéama an imeachta, ábhar a bhfuil an-spéis agam ann.

"Táimid ag glacadh leis gurb ionann an earnáil eagraibhia agus bunús fhás inbhuanaithe an gheilleagair. Tá méadú ag teacht ar an éileamh fadtréimhseach atá ar tháirgí bia sábháilte ar archaighdeán. Is ionann deireadh á chur le cuótaí bainne an AE agus deis poitéinseal an tionscail bhia a bhaint amach ar bhealach nach raibh deis ach ag rannpháirtithe neamh-AE tairbhe a bhaint as roimhe seo. Tá scóip ann d'Éirinn agus don Ríocht Aontaithe a bheith ag obair lena chéile, cur leis na naisc atá bunaithe cheana féin, d'fhonn tairbhe a bheith as na deiseanna agus na dúshláin a shárú."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an Rúnaí Stáit, Owen Paterson; "Beidh ról lárnach ag an gCruinniú Mullaigh seo agus ag an earnáil seo i gcabhrú linn tairbhe a bhaint as an bpoitéinseal a bhaineann le geilleagair na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann - geilleagair a bhfuil tairbhe á mbaint acu cheana féin as sreabhadh daoine, earraí agus smaointe. Tá mé ag iarraidh réimeas bithshlándála sláinte plandaí agus ainmhithe a fhorbairt don dá oileán, mar chuid dár dtiomantas roinnte ár dtionscail bhia agus deochanna a neartú. Trí oibriú lena chéile féadfaimid an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as an tionscal bia agus deochanna sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn."

Ba é Teagasc i gcomhar leis an Institiúid Taighde Bia (IFR), an Ríocht Aontaithe a d'eagraigh an cruinniú mullaigh le tacaíocht ó Thairsí Nuálaíochta Bia, Cumann Tráchtála na Breataine-na hÉireann, Trádáil & Infheistíocht na Ríochta Aontaithe (UKTI), Bord Bia agus Fiontraíocht Éireann. D'fháiltigh an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc, an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia, Éire agus an tOllamh David Boxer, Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde Bia, Norwich an Riocht Aontaithe, roimh na toscairí.

Deis a bhí sa chruinniú mullaigh an bhunsraith a leagan do ré nua comhoibrithe idir an dá oileán, rud a chabhróidh le forbairt agus iomaíochas a mhéadú trínár n-acmhainn nuálaíochta a fhorbairt agus béim Eorpach a leagan ar nuálaíocht. San áireamh anseo beidh comhoibriú ar thaighde bia, oibriú lena chéile ar chláir oideachais, agus tacaíochtaí nuálaíochta gnó. Dhírigh ceardlanna ag an gcruinniú mullaigh ar thrí théama:

- Daoine, fiontraíochtaí agus scileanna do thionscal bia atá ag fás
- Nuálaíocht dhomhanda bia do thionchar geilleagrach
- Taighde, nuálaíocht agus deiseanna gnó chun an slabhra bia a ghiorrú agus dramhaíl a laghdú

Bhí sraith cur i láthair a thug príomhfheidhmeannaigh agus bainisteoirí sinsearacha mór le rá ón Ríocht Aontaithe agus as Éirinn dírithe ar cheisteanna cosúil le slándáil bia, dramhaíl a laghdú, daonra an domhain ag méadú, margaí nua agus an slabhra bia a ghiorrú. Tá sé de chuspóir ag an dá thír a chinntiú go mbeidh an earnáil níos táirgiúla agus níos iomaíche.

Tacaíonn easpórtálacha bia agus dí an caidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus Éire.

## Dalta na Bliana de chuid Teagasc/FBD

Is é Kevin Moran ón Seiseadh, Teach Chaoin, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo, Dalta na Bliana 2013 de chuid Teagasc. Bhronn an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney, TD na gradaim.

Bronnadh Ard-Teastas sa Talmhaíocht (Bainistíocht Stoic Thirim) Leibhéal 6 le Tuillteanas ar Kevin Moran ag Coláiste Talmhaíochta an Chreagáin, Contae na Gaillimhe. D'éirigh le Kevin gnó a bhunú dó féin mar sholáthróir nua bainne, soláthróir a bhfuil 70 bó ar 38 heicteár aige. Tá an gnó ag fás de réir a chéile agus tá 103 bó aige anois agus tá sé i mbun a bhearacha athsholáthar a thógáil ar conradh. Tá spéis ar leith aige san fheirmeoireacht déiríochta agus i mbainistíocht féir agus coinníonn sé súil ar an 10% ag barr chóras monatóireachta E Profit Teagasc lena fháil amach céard atá ar siúl acu sin ionas gur féidir leis féin dul chun cinn a dhéanamh.

Tá Kevin tiomanta do bhainne ar ardchaighdeán a tháirgeadh le SCCanna síos go dtí 70,000 agus TBCanna cothrom le 3,000. Is comhalta é de Phléghrúpa Teagasc i dTuaim, pléghrúpa atá á reáchtáil ag Mike Donoghue, comhairleoir Teagasc, agus tá feirm Kevin ainmnithe mar Fheirm Monatóireachta Teagasc anois.



*An tOll. Gerry Boyle, an tUas. Michael Garvey, Stiúrthóir Margaíochta & Díolacháin FBD, an tAire Coveney, an tUas. Kevin Moran*

## Horizon 2020

Is é Horizon 2020 córas nua comhtháite maoinithe an AE, clár ina n-áireofar an maoiniú taighde agus nuálaíochta ar fad a bhí á sholáthar roimhe seo tríd an gCreatchlár do Thaighde agus d'Fhorbairt Theicniúil, an Creatchlár Iomaíochais agus Nuálaíochta (CIP) agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT).




Le cúig bliana anuas, tá Teagasc tar éis cur go mór leis an leibhéal maoinithe do thaighde agus do nuálaíocht a fhaigheann sé faoin gCreatchlár Eorpach.

I rith tréimhse dhá bhliain idir 2009 -2011, d'éirigh le Teagasc trí oiread níos mó maoiniú a fháil faoi Chreatchlár 7, an clár a dtáinig Horizon 2020 i gcomharba air.



PRÍOMHTHÉAMA IN 2013

# Gáis cheaptha teasa


**Tugtar le fios in Food Harvest 2020 go bhfuiltear ag súil le forbairt uaillmhianach, le méadú 50% ar tháirgeadh déiríochta. Tá an fhorbairt seo ag tarlú laistigh de chomhthéacs bheartas AE, áfach, rud a chiallaíonn nach mór astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú 20% i gcomparáid leis na leibhéil reatha. I láthair na huaire, tá breis is 32% d'astaíochtaí GCT na hÉireann ag teacht ó thalmhaíocht. Meatán (ó choipeadh eintreach agus bainistíocht aoiligh) agus ocsaíd nítriúil (ó leasachán agus eisfhearadh ainmhithe ar ithreacha) den chuid is mó a bhíonn le fáil in astaíochtaí gás ceaptha teasa talmhaíochta. Go contrártha, ídíonn féaraigh agus foraoisí CO2 ón atmaisféar, rud a fhritháiríonn cuid de na hastaíochtaí seo.**

Ainneoin céatadán mór d'astaíochtaí náisiúnta, tá talmhaíocht beostoic in Éirinn éifeachtach ó thaobh GCT de agus tá ceann de na loirg charbóin is ísle do tháirgeadh bainne agus mairteola in Éirinn. Is í an aidhm atá le taighde Teagasc ar astaíochtaí GCT agus Aeráid a) na roghanna chun astaíochtaí talmhaíochta GCT agus amóinia a mhaolú agus a fhritháireamh, b) córais inbhuanaithe táirgthe a dhearadh chun an lorg carbóin a laghdú, c) taighde náisiúnta a chomhordú agus d) córais riosca agus dearaidh a mheas chun iad a oiriúnú d'athrú aeráide agus luaineacht aimsire amach anseo.

I láthair na huaire, tá Teagasc i mbun an Tionscnaimh Taighde um Ghás Ceaptha Teasa Talmhaíochta d'Éirinn (AGRI-I). Is creat eagraíochtúil é seo a bhfuil na príomh-ollscoileanna páirteach ann mar aon le hInstitiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha Thuaisceart Éireann, creat atá deartha chun saineolas eolaíoch i dtaighde GCT a chomhordú. San áireamh sa taighde sainiúil a bhaineann le meatán a laghdú tá luach géiniteach an tréada náisiúnta a fheabhsú, tréimhse soláthair eallach mairteola a laghdú, fad a chur leis an séasúr féaraigh (lena n-áirítear talamh fliuch a dhraenáil chun an cuspóir seo a chomhlíonadh), ról na miocrób a bhaineann le giniúint meatáin sa chogansach a scrúdú mar aon leis an tionchar a bheadh ag an aiste bia a athrú a scrúdú, i mbó-ainmhithe óga go háirithe. Is cuid de Thionscnamh Cláir Nasctha uile-Eorpaigh, arna maoiniú i gcomhar le AGRI-I é an tionscadal seo.

I measc ceann de phríomhphointí fócais thaighde GCT tá cineál leasacháin agus uainiú athraithe i dteannta le húsáid a bhaint as coscairí úiréáise agus nítriginithe chun astaíochtaí amóinia agus ocsaíde nítriúla faoi seach a laghdú. I measc an taighde eile atá ar bun tá iniúchadh a dhéanamh ar úsáid a bhaint as seamair chun ocsaíd nítriúil a laghdú, uainiú agus teicníc chun sciodar a leathadh ar an talamh agus úsáid a bhaint as leasuithe ceimiceáin chun amóinia agus ocsaíd nítriúil ó fhual agus sciodar a laghdú. Tá go leor den taighde seo á dhéanamh i gcomhar le Comhghuaillíocht Taighde NZ Global, a chabhraíonn chun taighde talmhaíochta GCT a chomhordú ar fud an domhain - in 30 tír. Chomh maith leis sin, tá baint ag an gComhghuaillíocht leis an taighde atá á dhéanamh ag Teagasc ar cheapadh carbóin. Is ionann an taighde seo agus fianaise go n-éiríonn go maith le féaraigh Eorpacha dé-ocsaíd charbóin (CO2) a bhaint ón atmaisféar i rith fótaisintéise agus go bhfuil 'linn' glan de thart ar 1-3 tona de CO2 in aghaidh an heicteáir ó fhéaraigh. Tá Teagasc i mbun ról na bainistíochta báinsí ar cheapadh carbóin mar chuid de mhórthionscadal Eorpacha Creata (AnimalCHANGE).

Bhí ról lárnach ag Teagasc i bhforbairt beartais sa réimse seo, agus chuir sé le Tuarascáil an Fhóraim Náisiúnta Eacnamaíocha agus Shóisialaigh (NESC) ar Neodracht ó thaobh Carbóin de agus an Bille atá le teacht faoi Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin. Ar deireadh, bhí ról lárnach ag Teagasc i ndeimhniú táirgthe mairteoil Éireannach Lorg Carbóin Bhord Bia mar chuid den tionscnamh Origin Green agus tá an Nascleantóir Carbóin forbartha d'fhonn cur ar chumas feirmeoirí cinntí ar an bhfeirm a dhéanamh, cinntí a chuirfidh le héifeachtúlachtaí feirme agus leis an Lorg Carbóin.



# Sprioc 2-
## Tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol



# Sprioc 2 - Tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol



## ITHREACHA

### Torthúlacht na hIthreach

Tá laghduithe suntasacha ar leibhéil na gcothaitheach san ithir tugtha faoi deara ag Teagasc le cúig bliana anuas. Má leantar den treocht sin, tá imní ann go mbeidh an táirgeacht féir agus an táirgeacht gránbharr ag titim. Tá léirithe ag taighde gur féidir leis an táirgeacht féir i ngarraithe ina bhfuil ganntanas ithreacha Fosfair (P) a bheith níos ísle de 1.5 tona ábhair thirim in aghaidh an heicteáir ná mar atá amhlaidh i ngarraithe ina bhfuil na leibhéil P is fearr. Bhí seasca faoin gcéad de na hithreacha a ndearna Teagasc anailís orthu in 2012 faoi bhun an leibhéal Innéacs 3 atá molta maidir le Fosfar.

Mar chuid den tSeachtain Náisiúnta um Thorthúlacht na hIthreach, d'óstáil Teagasc sraith seimineár poiblí ar fud na tíre. Sna seimineáir, cuireadh in iúl d'fheirmeoirí na céimeanna riachtanacha chun torthúlacht na hithreach a thomhas agus a bhainistiú go cruinn.

Dhírigh na seimineáir ar:

- Dea-chleachtas maidir le hithir shampla a ghlacadh agus a léirmhíniú.
- Aol a chur síos chun na dálaí fáis is fearr a bhaint amach.
- Sciodar a bhainistiú chun luach cothaitheach a bharrfheabhsú agus torthaí comhshaoil a fheabhsú.
- Plean leasacháin a dhearadh chun freastal ar riachtanais na mbarr.
- Straitéisí a fhorbairt chun torthúlacht na hithreach a chothabháil agus a fheabhsú.

### Fosfar in Ithreacha

I gcórais talmhaíochta, tagann laghdú tréan ar an méid fosfair atá ar fáil don phlanda tar éis don fheirmeoir é a chur ar an ngarraí. Tarlaíonn sé sin toisc go n-idirghníomhaíonn an fosfar le hábhar ithreach ag dromchla na hithreach. Is féidir fosfar a nigh ar shiúl i sruthaín agus i ndobharlaigh ag an bpointe sin, rud ar féidir leis iarmhairtí díobhálacha a bheith aige ar an gcomhshaol.

I dturgnaimh ag Ionad Teagasc i gCaisleán Bhaile Sheáin, léiríodh go gcuireann péisteanna talún chun cinn dáileadh níos cothroime ar an bhfosfar trí chothaithigh a bhaint as dromchla na hithreach (raon doimhneachta 0 – 1 cm). "Déantar péisteanna talún a aicmiú i dtrí ghrúpa: iad siúd a chónaíonn sa chiseal bruscair ar an dromchla; iad siúd a chónaíonn faoin talamh; agus iad siúd a dhéanann poill ingearacha leath-bhuan. Trí bheathú ar ábhar ar dhromchla na hithreach, is féidir le péisteanna talún an fosfar atá ag an dromchla a mheascadh le hithir faoi bhun an dromchla," mar a mhíníonn an Dr Rachel Creamer ag Ionad Teagasc i gCaisleán Bhaile Sheáin.

## UISCE

### Feirmeoireacht agus Cáilíocht Uisce

Sheol Tom Hayes, TD, an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tuarascáil ar Chéim 1 de Chlár Teagasc um Dhobhar-cheantair Thalmhaíochta in 2013. Is iad aidhmeanna an Chláir um Dhobharcheantair Thalmhaíochta cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú agus tacú le táirgeadh bia ard-chaighdeáin. Tá an Clár á fheidhmiú ag Teagasc le cistiú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Dúirt Ger Shortle, Bainisteoir Teagasc de chuid an Chláir: "Tá torthaí spreagúla sa tuarascáil seo maidir le feirmeoireacht na hÉireann agus leis an gcomhshaol. Na sruthanna a ndearnadh monatóireacht orthu i ngach cheann de sé dhobharcheantar an Chláir, chomhlíon siad an caighdeán uisce óil, agus bhí na leibhéil níotráite go maith faoi bhun na dteorainneacha maidir le sláinte an duine.Bhí na meánleibhéil níotráite screamhuisce laistigh de theorainneacha uisce óil chomh maith."

Chuir an tOllamh Phil Jordan, Príomh-Eolaí an Chláir, leis an méid sin agus dúirt sé, "Cuireadh teicnící eolaíochta an-dian i bhfeidhm trína ndearnadh monatóireacht ar an nítrigin agus ar an bhfosfar in ithreacha abhantrach agus i ndobharcheantair éagsúla. Léirítear i gcuid den obair go bhfuil fianaise feabhais le sonrú le déanaí maidir le cáilíocht an uisce, rud ar dócha is amhlaidh mar gheall go bhfuil feirmeoirí ag baint leasa as cleachtais bainistíochta níos fearr, ach is gá monatóireacht a dhéanamh go fóill."

### Ag Bainistiú Criosanna Bruachánacha

A Teagasc and Inland Fisheries II gcomhthionscnamh de chuid Teagasc agus Iascach Intíre Éireann, bunaíodh an dea-chleachtas i ndáil le bainistiú na sruthchúrsaí. D'eagraigh Teagasc sraith i meachtaí lena n-áirítear oiliúint sa seomra ranga agus oiliúint ar an láthair, chun an t-eolas a thabhairt d'fheirmeoirí chun tacú le bainistiú atá báúil d'éisc ar an gcrios bruachánach.

I measc na bpríomhábhar a clúdaíodh san oiliúint áiríodh:

- Srian a chur le Rochtain Beostoic.
- Fálú an Chreasa Bhruachánaigh.
- Bainistiú atá báúil d'éisc ar chrainn agus ar phlandaí.
- Forbairt Stiallacha Maoláin idir garraithe saothraithe agus sruthchúrsaí.
- Bainistiú speiceas ionrach
- Bacainní ar ghluaiseacht iasc a chosc.
- Trasrianta abhann trí lintéar bosca.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Iascach Intíre. Éireann, an Dr Ciarán Byrne, go bhfuil 'an comh thionscnamh seo ina bhealach chun cinn lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach, lena l eantar an dea-chleachtas, i bhfeidhm maidir le sruthchúrsaí a chaomhnú chun tairbhe na feirmeoireachta agus na n-iascach araon'. Cháiligh na cúrsaí seo mar an dara cúrsa roghnach d'fheirmeoirí i REPS4.



# Sprioc 2- Tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol

### Feirmeoireacht Déiríochta Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil

Thug grúpa feirmeoirí déiríochta agus comhairleoirí ón Ollainn cuairt ar fheirmeoirí na hÉireann mar chuid de thionscadal comhoibrithe trasnáisiúnta ar a dtugtar DAIRYMAN (Bainistíocht Acmhainní Déiríochta), a bhfuil sé ina aidhm aige staidéar a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na bhfeirmeacha déiríochta in Iarthuaisceart na hEorpa i dtéarmaí cúrsaí geilleagracha, astaíochtaí gás ceaptha teasa, éifeachtúlacht um úsáid cothaitheach, agus úsáid fuinnimh. Tá an tionscadal á chistiú ag INTERREG IVB Iarthuaisceart na hEorpa (NWE).

Déanann feirmeoirí ó sheacht dtír san Eoraip, Éire ina measc, sonraí a chomhroinnt faoi obair mhonatóireachta fuinnimh agus obair um lorg carbóin a bhíonn ar bun ar na feirmeacha mar chuid den Tionscadal Dairyman.

Tá inbhuanaitheacht chórais táirgeachta bainne na hÉireann ar cheann de na gnéithe dearfacha a tháinig as an staidéar.

Faoi Dairyman, cuirtear béim ar an ngá atá ann go mbeadh taighdeoirí, comhairleoirí agus feirmeoirí ag foghlaim óna chéile. Le linn an turais trí lá, thug feirmeoirí déiríochta na hÍsiltíre cuairt ar an Ionad Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh de chuid Teagasc, an Chloch Liath, ar Carbery Milk Products i gCorcaigh, agus ar fheirmeoirí áitiúla lena n-áirítear treoir-fheirmeoirí de chuid Dairyman agus Carbery.

Ag labhairt le feirmeoirí DAIRYMAN, dúirt an tOll. Gerry Boyle, stiúrthóir Teagasc: "Gach ceann de na tosca lena gcuirtear an éifeachtacht chun cinn sna feirmeacha déiríochta, déanann siad torthaí dearfacha a sheachadadh freisin ó thaobh an comhshaoil. Mar sampla, ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann, laghdaíomar an leas a bhaintear as nítrigin shaorga de 30% óna bhuaicphointe le blianta beaga anuas. Buntáiste mór a bhí ansin d'fheirmeoirí maidir le brabúsacht, ach bhí buntáistí soiléire i gceist leis don chomhshaol freisin."

Dúirt Johan Dekker (treoir-fheirmeoir Dairyman san Ísiltír): "Is mór an méid atá foghlamtha againn ó fheirmeoirí na hÉireann faoin bhféarach agus sin cineál eolais a bhí caillte againn le blianta beaga anuas san Ísiltír, áit a bhfuil an córas bunaithe ar fheirmeoireacht faoi dhíon."

### Feirm Taispeántais Inbhuanaitheachta i gColáiste Chill an Dátúnaigh de chuid Teagasc

Tá Teagasc ag léiriú an tsaineolais atá aige ar an inbhuanaitheacht trí fheirm thaispeána inbhuanaitheachta nua, 'Cill an Dátúnaigh 2030: Ag Treorú an Fháis Inbhuanaithe' Faoin tionscnamh sin, cuirfear oiliúint ar an gcéad ghlúin eile feirmeoirí i ndáil le coincheap agus gnéithe praiticiúla na




*Rinne an t-ealaíontóir Ian McNinch léiriú grafach ar fheirm thaispeána inbhuanaitheachta Teagasc i Cill an Dátúnaigh.*



*Bhí cuairteoirí chuig Lá Oscailte Teagasc i mBaile Átha an Rí in ann seadáin chaorach a scrúdú faoin micreascóp.*

hinbhuanaitheachta talmhaíochta, agus cuirfear timpeallacht uathúil ar fáil chun meastóireacht a dhéanamh ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs feirme oibríochtúla.

Maítear i leith earnáil feirmeoireachta na hÉireann go bhfuil sí i measc na dtáirgeoirí bia is inbhuanaithe ar domhan – sócmhainn ríthábhachtach ó thaobh margaíochta a dhéanamh ar tháirgí na hÉireann. Ach ní mór dúinn ár gcuid dintiúr glas a chruthú. Tuairiscíodh cheana féin go bhfuil an lorg carbóin is ísle san AE ag bainne na hÉireann, ach tá níos mó ná loirg charbóin ina n-aonar i gceist leis an inbhuanaitheacht. Tá Teagasc ag forbairt táscairí anois chun na gnéithe inbhuanaitheachta sin go léir a ghabháil, ar leibhéal na feirme, ar an leibhéal náisiúnta, agus ar an leibhéal idirnáisiúnta i gcomhpháirtíocht leis an FAO. Dúirt an Dr Pierre Geber ón FAO: "Anois agus imní níos mó ar dhaoine faoin gcaoi a dhéantar bia a tháirgeadh, tá earnáil an bheostoic faoi bhrú ar leith chun measúnú a dhéanamh ar a feidhmíocht chomhshaoil, í a fheabhsú agus cumarsáid a dhéanamh ina leith, agus í ag déileáil leis an éileamh méadaitheach ar tháirgí ainmhithe ag an am céanna."

Dúirt Príomhoide Choláiste Talmhaíochta Chill an Dátúnaigh de chuid Teagasc, Frank Murphy: "Thar na seacht mbliana atá romhainn, beidh an fheirm dhéiríochta ag Coláiste Chill an Dátúnaigh á hathrú againn ina sárthaispeántas ar tháirgeadh déiríochta inbhuanaithe. Beidh an tionscnamh seo ina chúnamh maidir le hoiliúint a chur ar mhic léinn i ngach gné den inbhuanaitheacht talmhaíochta."

Tabharfaidh an tionscnamh nua: "Cill an Dátúnaigh 2030: ag treorú an fháis inbhuanaithe" faoi na feirmeacha coláiste a athrú – ag tosú leis an bhfeirm déiríochta – go feirmeacha atá athléimneach i leith na ndúshlán atá amach rompu. Déanfar an tionscnamh a rolladh amach ar bhonn céimneach:

## Uirlis Cháilíochta Bainne

Toisc go bhfuil na critéir cháilíochta bainne a iarrann próiseálaithe bainne agus custaiméirí i gcoitinne ag éirí níos doichte agus níos déine, tá uirlis nua chun caighdeáin cháilíochta bainne a fheabhsú forbartha ag Teagasc, an Chloch Liath. Cuimsítear léi sraith gearrthóg físe a léiríonn céimeanna criticiúla den phróiseas bleáin, agus soláthraítear treoirlínte agus moltaí maidir le bainne ardchaighdeáin a tháirgeadh.

Soláthraíonn an uirlis sin, ar furasta le húsáid í, faisnéis luachmhar ar gach gné de tháirgeadh bainne ardchaighdeáin (m.sh., TBC, SCC agus iarmhair). Áirítear leis na hábhair shonracha a ndírítear orthu: bainistíocht an bhleáin ar fheirmeacha beaga (parlús 12 aonad) agus ar fheirmeacha móra (parlús 24 aonad); agus bainistíocht an bhleáin ar fheirmeacha le saothar leordhóthanach (beirt ag bleán) agus iad siúd a bhfuil uathoibriú éigin i bhfeidhm iontu (bainteoirí braisle uathoibríocha agus sruthlú braisle).

## Féar agus Íomháú Satailíte

Baineann Aonad Spásanailíse Teagasc úsáid as teicneolaíocht satailíte NASA agus Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa chun monatóireacht a dhéanamh ar fhás féir le teicneolaíocht infridhearg. Tá úsáid satailítí chun breathnú ar fhás plandaí ina seirbhís teicneolaíochta atá dea-fhorbartha agus a húsáidtear ar fud an domhain, go háirithe i gcás curadóireachta agus gairneoireachta. Níl tomhas na leibhéal féir i dtírdhreach an-bhainistithe ar nós thírdhreach na hÉireann chomh fada chun cinn.

Déanann Stuart Green, taighdeoir de chuid Teagasc, cur síos ar an obair atá ar bun ag Teagasc, i gcomhar lena chomhghleacaí, an Dr Fiona Cawkell i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh: "Laistigh de thréimhse ghearr, tá súil againn a bheith in ann meastacháin ar dhálaí reatha fáis a chur ar fáil d'fheirmeoirí, mar aon le réamh-mheastacháin ar rátaí fáis agus comhairle bainistíochta, amhail cén uair is ceart eallach a chur ó thithíocht gheimhridh. Trí dhíriú ar fhéar agus ar sheachadadh comhairle simplí, ar furasta í a chur i bhfeidhm, ar an nguthán póca, fágtar go mbeidh na buntáistí a bhaineann leis an teicneolaíocht seo ar fáil do gach feirmeoir, beag beann ar mhéid nó ar chóras."

## Aimsir na Todhchaí – Feirmeoireacht na Todhchaí

Léirítear sna taifid ar aimsir na hÉireann treocht láidir téimh le blianta beaga anuas, rud atá ag teacht leis an bpictiúr domhanda. Tá méadú báistí le feiceáil go soiléir freisin ach d'fhéadfadh cuid de sin a bheith ina ghné den inathraitheacht nádúrtha. B'iad sin tuairimí Ray McGrath ó Met Eireann a bhí ag labhairt ag Comhdháil Teagasc – Aimsir na Todhchaí - Feirmeoireacht na Todhchaí [Future Weather - Future Farming] i mí na Nollag 2013.

Dúirt sé go bhfuil aeráid na hÉireann éirithe níos fliche, agus go bhfuil an mheánbháisteach bhliantúil méadaithe de thart ar 5% le blianta beaga anuas. Tá fianaise ann freisin maidir le méadú ar mhinicíocht na laethanta an-fhliuch. Dúirt sé go mbeidh tionchar ag an teocht atá ag ardú agus ag athruithe ar phatrúin frasaíochta ar thalmhaíocht na hÉireann, ach tá neamhchinnteacht ann fós maidir le sonraí ar leith. Dúirt sé nach dócha go bhféadfadh an aimsir a bhain leis an ngéarchéim farae le déanaí san earrach a bheith tuartha míonna roimh ré.

# Sprioc 2- Tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol

### Stádas 'Cáilithe' do Shíolghoirt

Tá stádas 'Cáilithe' bainte amach ag an Síolghort Náisiúnta Beithe Clúmhaí agus ag an Síolghort Náisiúnta Fearnóige. Leanann sé sin iarracht mhór taighde a rinne Teagasc chun feabhas a chur ar chaighdeán géiniteach crann. Sna blianta amach romhainn, beidh ábhar síl agus plandála ar fáil ó na síolghoirt ar an leibhéal 'Cáilithe', a bhfuil feabhas mór i gceist leis. Seoladh na síolghoirt Cháilithe ag Seó Foraoiseachta, Coillearnaigh agus Bithfhuinnimh na hÉireann sa Sráidbhaile, Laois.

Thosaigh an clár feabhsaithe beithe agus fearnóige arna chistiú ag Teagasc agus COFORD i 1998 nuair a cuireadh tús le hobair ar bheith chlúmhach agus beith gheal a phórú a bheadh oiriúnach d'earnáil foraoiseachta na hÉireann.
.

Bhí béim curtha ag na páirtithe leasmhara ar an ngá atá le níos mó oibre ar chrainn leathanduilleacha, go háirithe speicis dhúchasacha. Measadh go raibh acmhainneacht ag an mbeith le haghaidh adhmaid toisc gurb í an speiceas leathanduilleach tráchtála is ábhachtaí i dTuaisceart na hEorpa, agus í an-luachmhar sna tíortha Lochlannacha agus Baltacha.

### Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc.

Cattle Rearing family farm incomes I Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc don bhliain 2013, léiríodh gur tháinig méadú beag ar an meánleibhéal ioncaim ar fheirmeacha na hÉireann in 2013 (ardú 1%) go dtí €25,639. D'fholaigh an chobhsaíocht sa mheánleibhéal torthaí a bhí an-éagsúil i réimsí difriúla na feirmeoireachta in Éirinn, áfach.

Tháinig méadú ar mheánioncaim ó fheirmeacha déiríochta ach tháinig laghdú ar an meánioncam i gcás gach fiontar eile. Mar gheall ar an drochaimsir sa chéad ráithe de 2013 agus mar gheall ar thionchar leanúnach ghéarchéim fharae na bliana 2012, bhí méadú mór ar chostais bheatha agus leasacháin do gach córas feirmeoireachta atá bunaithe ar fhéarach. Tháinig méadú mór ar chaiteachas na bhfeirmeoirí ar dhlúthbhia agus ar bhia toirtiúil ceannaithe, agus tháinig méadú ar an gcaiteachas ar leasachán sa dara leath de 2013 agus feirmeoirí ag obair chun stoic ídithe d'fhoráiste caomhnaithe a atógáil. Ar an meán, tháinig méadú 11% ar na costais dhíreacha a bhaineann le táirgeadh i gcomparáid le 2012.

*An Dr. Noel Cawley, an tOll. Gerry Boyle, Anne Kinsella, Brian Moran, Thia Hennessy, Cathal O'Donoghue, ag seoladh an tSuirbhé Náisiúnta Feirme 2013 de chuid Teagasc.*

Tháinig laghdú 22% ar ioncaim ó







*Brendan Riordan, Michael Keane, Anne Cooney, Brendan Kearney ag Comóradh 40 Bliain an tSuirbhé Náisiúnta Feirme.*

Thógáil Eallaigh ar fheirmeacha teaghlaigh mar gheall ar chostais táirgthe ní b'airde. Tháinig laghdú 13% agus 29% faoi seach ar ioncaim ó fheirmeacha Eallaigh Eile agus ó fheirmeacha Caorach in 2013 mar gheall ar leibhéil ní b'ísle aschuir mar aon le costais táirgthe ní b'airde. Ar fheirmeacha Curaíochta, in ainneoin costais táirgeachta arbh cobhsaí iad den chuid ba mhó agus táirgeacht mhéadaithe, bhí aschur ní b'ísle agus ioncaim feirme teaghlaigh ní b'ísle ina dtoradh ar phraghsanna ní b'ísle agus limistéir fhómharaithe ní ba lú. Ar fheirmeacha déiríochta, in ainneoin méaduithe móra ar chostais táirgthe (+11%), tháinig méadú tréan ar mheánioncaim mar gheall ar phraghsanna ní b'airde (+23%) agus leibhéil mhéadaithe d'aschur bainne in aghaidh an heicteáir (+11%). In 2013, fuair feirmeacha na hÉireann 8% níos lú ar an meán in íocaíochtaí díreacha i gcomparáid le 2012, mar gheall ar laghduithe ar fháltais íocaíochta aonair, íocaíochtaí agra-chomhshaoil (REPS) agus deireadh na scéime leasa do bha diúil.

Dúirt an Dr. Kevin Hanrahan, rannóg Eacnamaíocht Talmhaíochta agus Suirbhéanna Feirme de chuid Teagasc: ''Ar an meán, tháinig laghdú ar spleáchas na n-ioncam feirmeacha teaghlaigh ar fhóirdheontais in 2013 i gcomparáid le 2012. Mar sin féin, ar fheirmeacha Tógála Eallaigh, Eallaigh Eile agus Caorach, bhí íocaíochtaí díreacha fós cuid mhaith ní ba mhó ná ioncam feirmeacha teaghlaigh. Léiríonn spleáchas mór na n-ioncam ar íocaíochtaí díreacha gurb amhlaidh ar a lán feirmeacha in Éirinn gur sháraigh na costais táirgthe an toradh ón margadh in 2013 go mór."

Tháinig méadú ar ioncaim ar fheirmeacha a bhfuil fiontar déiríochta acu in 2013 agus is beag nár casadh droim ar ais go hiomlán an laghdú mór ar ioncaim a tharla in 2012. In 2013, b'ionann an meánioncam ar shainfheirmeacha déiríochta agus €64,371.

Bhí an méadú ar ioncaim feirmeacha déiríochta bunaithe ar an méadú mór ar na praghsanna bainne a fuair feirmeoirí chomh maith le táirgeadh breise in aghaidh an heicteáir. Mar a bhí amhlaidh i gcás córais féaraigh eile, tháinig méadú ar chostais dhíreacha táirgthe ar fheirmeacha déiríochta (beatha agus leasachán den chuid ba mhó) in 2013. Murab ionann agus feirmeoirí eallaigh agus caorach, áfach, bhí na méaduithe ar phraghsanna mór go leor chun fás ioncaim láidir a sheachadadh.

Dúirt Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle: ''Tá na torthaí codarsnacha i leith feirmeoirí déiríochta agus feirmeoirí neamh-déiríochta léirithe freisin i meántorthaí na bhfeirmeacha ar fud réigiúin na hÉireann in 2013.

Tháinig méadú ar na meánioncaim sna réigiúin ina bhfuil níos mó feirmeoireachta déiríochta ar bun (an Iardheisceart, an Oirthuaisceart agus an Deisceart) , agus tháinig laghdú ar na hioncaim i réigiúin eile, ina bhfuil spleáchas níos mó ar fheirmeoireacht stoic thirim agus ar fheirmeoireacht curaíochta.

Tháinig an méadú ba mhó ar na meánioncaim ar fheirmeacha teaghlaigh i Réigiún an Deiscirt (Corcaigh agus Ciarraí), áit ar tháinig méadú 24% ar an meán ar ioncaim feirme, agus tháinig laghdú 16% ar ioncaim i réigiún Lár na Tíre, áit a mbíonn feirmeoireacht stoic thirim agus feirmeoireacht curaíochta ar bun den chuid is mó."

## Comóradh 40 bliain an tSuirbhé Náisiúnta Feirme de chuid Teagasc

Rinneadh comóradh ar an Suirbhé Náisiúnta Feirme de chuid Teagasc a bheith á fhoilsiú le 40 bliain anuas in 2013. Tomhaiseann sé ioncaim feirme sna príomhfhiontair agus léirítear ann na hathruithe ar dhíolacháin, ar chostais agus ar ioncaim ar bhonn bliantúil.


Rinne Teagasc comóradh ar an gcothrom 40 bliain ag ócáid i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath. In 2013 freisin, tá 40 bliain caite ó ghlac Éire lena ballraíocht san Aontas Eorpach agus d'ullmhaigh Teagasc foilseachán chun ceiliúradh a dhéanamh ar an dá ócáid, ar a dtugtar - "40 bliain na Feirmeoireachta Éireannaí ó bhallraíocht san Aontas Eorpach: Turas le Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc"

Leis an aontachas leis an Aontas Eorpach, tháinig an ceanglas suirbhé bliantúil ar ioncam feirme a bhunú d'fhonn staitisticí maidir le feirmeoireacht in Éirinn a sholáthar don Choimisiún Eorpach. Bunaíodh an Suirbhé Náisiúnta Feirme, atá ar an tionscadal taighde is faide atá ar bun ag Teagasc, i 1972 agus baineadh leas as gach bliain ó shin i leith chun meastacháin bhliantúla ar ioncam feirme a chur ar fáil.

Nuair a ghlac Éire páirt sa CEE i 1973, bhí thart ar 250,000 feirm sa tír, agus b'ionann an meánioncam feirme teaghlaigh, mar a dhéantar tomhas air sa Suirbhé Náisiúnta Feirme, agus €1,500 i dtéarmaí ainmniúla. In 2012 b'ionann an meánioncam feirme teaghlaigh agus €25,483.

PRÍOMHTHÉAMA IN 2013

# Galar Ash Dieback



***Is galar fungasach réasúnta nua a chuireann isteach ar an bhfuinseog é Chalara fraxinea, galar ar a dtugtar críonadh siar na bhfuinseog. Ba sa bhliain 2010 a tugadh céim dhochrach atáirgthe an fhungais faoi deara, speiceas nua ar a dtugtar Hymenoscyphus pseudoalbidus. Scaip an galar go tapa ar fud na hEorpa, agus tá sé le fáil anois i mbeagnach gach tír san AE a bhfuil fuinseog ag fás inti.***

Tá an fhuinseog soghabhálach i leith galar chríonadh siar na bhfuinseog, chomh maith le roinnt speiceas eile den fhuinseog agus d'fhéadfadh an galar tionchar a bheith aige ar chrainn éagsúla, idir óg agus sean, ag suíomh ar bith. Tá breis is 19,000 heicteár de choillearnach fuinseoige (Fraxinus excelsior) curtha in Éirinn, ag feirmeoirí den chuid is mó. Chomh maith leis sin, tá fuinseog curtha cois bóthair, ar fheirmeacha agus i ngairdíní.

I measc chomharthaí an ghalair tá mílíthiú duilliúir agus sleabhcadh, críonadh siar péacán, craobhóg nó príomhlorgaí agus loit agus cancair neacróiseacha ar an gcoirt. D'fhéadfadh an galar seo crainn a mharú, agus faigheann crainn óga bás (níos lú ná 10 mbliana d'aois) níos tapa ná seanchrainn.

Ba i nDeireadh Fómhair 2012 a tugadh an chéad chás de chríonadh siar na bhfuinseog faoi deara in Éirinn ar phlandaí iompórtáilte ó Mhór-roinn na hEorpa. Bhí an líon cásanna aimsithe méadaithe go 120 faoi earrach 2014, agus tugadh gach cás, seachas dhá chás (a bhain le crainn fháil), faoi deara ar phlandaí iompórtáilte ón Eoraip. Tá cásanna den ghalar aimsithe i bhfáschoillte, plandlanna gairneoireachta, ionaid gharraíodóireachta, gairdíní príobháideacha, plandú feirme (REPS agus AEOS) agus plandú cois bóthair. Tá an dá chás crann fáil a aimsíodh gar do shuímh ionfhabhtaithe.

Go dtí seo, ba é an nós a bhí ann na plandaí ionfhabhtaithe a bhaint ón suíomh agus iad a scriosadh. Cuireadh Ordú ón Aire i bhfeidhm chun srian a chur ar ghluaiseacht plandaí fuinseoige, síolta agus adhmad fuinseoige isteach go hÉirinn. Tá an Roinn ag leanúint le suirbhé a dhéanamh ar an ngalar atá tá cosc curtha, go sealadach, ar chúnamh deontais d'fháschoillte nua fuinseoige faoi scéimeanna foraoisithe na Roinne.

**Gníomhaíochtaí Comhairleacha:**
Bhí Comhairleoirí Foraoiseachta Teagasc réamhghníomhach maidir leis an tacaíocht a thug siad d'úinéirí foraoise a raibh imní orthu maidir leis an ngalar nó a raibh tionchar ag an ngalar orthu. I measc na tacaíochta a tugadh bhí eolas a sholáthar agus comhairle maidir le comharthaí an ghalair agus na prótacail ar chóir a chur i bhfeidhm le déileáil leis an ngalar. Chomh maith leis sin, tá scagadh do na comharthaí a d'fhéadfadh a bheith luaite le críonadh siar na bhfuinseog agus le damáiste seaca agus ash bud moth.

Reáchtáladh 22 cruinniú eolais phoiblí ar fud na tíre maidir le críonadh siar na bhfuinseog idir an 20ú agus an 30ú Bealtaine in oifigí éagsúla Teagasc. Ba í Roinn Forbartha Foraoiseachta Teagasc a d'eagraigh na cruinnithe seo a reáchtáladh i gcomhar leis Roinn um Chomhshaol Talmhaíochta, Seirbhís Foraoise agus Scéimeanna um Chomhshaol Talmhaíochta RTBM agus Rannóga um Shláinte Plandaí. D'fhreastail thart ar 800 duine ar na cruinnithe seo agus cuireadh an t-eolas cuí faoi bhráid go leor daoine eile sna preasráitis ghaol-mhara, fógraí, eagarfhocail sa phreas áitiúil agus náisiúnta, agallaimh raidió agus teilifíse.



Seoladh nuachtlitir ó Teagasc maidir le críonadh siar na bhfuinseog chuig cliaint uile Teagasc agus ullmhaíodh bileog bheag faisnéise a scaipeadh ag imeachtaí, cruinnithe eolais agus in oifigí Teagasc. Bíonn an t-eolas is déanaí maidir le críonadh siar na bhfuinseog le fáil in r-Nuachtlitreacha Foraoiseachta Teagasc.

Tá gach deis a bhí acu tapaithe ag Comhairleoirí Foraoiseachta cur lena bhfuil ar eolas faoi ngalar seo agus na bearta rialaithe ábhartha. I measc na ndeiseanna sin bhí eolas faoin ngalar a roinnt i rith cuairteanna comhairleacha, cúrsaí, cruinnithe poiblí, siúlóidí feirme, taispeántais náisiúnta agus cruinnithe grúpa. Anuas air sin, chinntigh comhoibriú le comhghleacaithe talmhaíochta Teagasc agus an t-eolas is déanaí a roinnt ag cruinnithe foirne go raibh feirmeoirí, mar aon le húinéirí foraoise ar an eolas faoin ngalar.

An tÚdarás Talmhaíochta agus Forbartha Bia

# Sprioc 3 -
## Éagsúlú a chothú i ngeilleagar na tuaithe agus cáilíocht na beatha faoin tuath a fheabhsú




Agriculture and Food Development Authority

# Sprioc 3- Éagsúlú a chothú i ngeilleagar na tuaithe agus cáilíocht na beatha faoin tuath a fheabhsú

## SÁBHÁILTEACHT FEIRME

### Comhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Feirme

Ba é an tOllamh Stephan Van den Broucke, príomhshaineolaí ar chosc timpistí agus drochshláinte, an príomhchainteoir ag an gComhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Feirme. Ba é Teagasc agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a d'eagraigh an chomhdháil seo mar chuid dá gComhthionscnamh Coisc i gcomhar leis an gComhpháirtíocht um Shábháilteacht Feirme, comhdháil a reáchtáladh san Aonach, Co. Thiobraid Árann, agus a bhí urraithe ag FBD Trust.

Is é an tOllamh Van den Broucke Ceann Roinn na Síceolaíochta Sláinte agus Coisc in Ollscoil Chaitliceach Lováin, an Bheilg agus ba é "Cláir um Shábháilteacht Feirme níos éifeachtaí a Dhearadh – Iompraíocht Shlán a Thuiscint" teideal an chur i láthair a rinne sé.

Bhí cur i láthair an Ollaimh Van den Broucke bunaithe ar thaighde a rinneadh i gcomhar le feirmeoirí sa Bheilg, feirmeoirí a raibh iarracht ar bun acu athrú dearfach sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach. Mhaígh an tOllamh Van den Broucke gurb é beart coisctheach bun agus barr dea-bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta ar fheirmeacha.



*Shínigh an tUas Martin O'Halloran POF, HSA, agus an tOll. Gerry Boyle, Teagasc, meabhrán tuisceana.'.*

### Ag Fanacht Aclaí don Fheirmeoireacht

Seoladh leabhrán dar teideal 'Ag Fanacht Aclaí don Fheirmeoireacht' [Staying Fit for Farming] ag cur chun cinn sláinte agus stíl mhaireachtála sláintiúil na bhfeirmeoirí ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Sprioc thábhachtach a bhí sonraithe i bPlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme (2009 go 2012) na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme ba ea déileáil le sláinte feirmeoirí agus foilseachán faisnéise maidir le sláinte a chur i dtoll a chéile.


Cuireadh 'Ag Fanacht Aclaí don Fheirmeoireacht' i dtoll a chéile i gcomhar leis an Dr. Noel Richardson, Stiúrthóir Ionad Shláinte na bhFear in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, mar fhreagairt ar thorthaí taighde a rinne comhairleach míochaine sa sláinte phoiblí le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Dr. Breda Smyth.

Léirigh an taighde a rinne sí go bhfuil rátaí básmhaireachta i bhfad níos airde le tabhairt faoi deara i measc feirmeoirí ná mar atá i measc fhormhór na ngrúpaí eile san aoisraon ceirde 15 go 64. Ba léir ón taighde, a bhí bunaithe ar shonraí náisiúnta mortlaíochta, go raibh ráta básmhaireachta feirmeoirí cúig huaire níos airde ná fostaithe a raibh tuarastal á fháil acu, fostaithe a raibh an ráta básmhaireachta is ísle luaite leo.

Tá mortlaíocht sách ard ag feirmeoirí mar thoradh ar ghalair imshruthaithe, ailse agus gortuithe agus nimhiú. Bhain an ráta básmhaireachta ard ach go háirithe le feirmeacha beaga ísealioncaim. Tá aird tarraingthe ar iarmhairtí na drochshláinte sna cás-staidéir sa leabhrán agus tá samplaí praiticiúla ann chomh maith chun sláinte a chothú nó a fheabhsú.

Tá aird tarraingthe ar roinnt réimsí a mbaineann tábhacht ar leith leo i ndáil le folláine; déileáil le strus, meáchan a choinneáil síos, aire a thabhairt don droim, iontógáil alcóil a laghdú agus éirí as an tobac, réimsí a bheidh mar bhonn le saol feirmeoirí a fheabhsú. Rinne HSA, Teagasc, FBD Trust agus FSS ur-raíocht ar 'Ag Fanacht Aclaí don Fheirmeoireacht'.

Scaipeadh go náisiúnta é tríd an Irish Farmers Journal go luath in 2014 agus tá sé ar fáil ó www.hsa.ie , www.teagasc.ie, agus ón HSA.



## FEIRMEOIREACHT ORGÁNACH

### Cúrsaí d'Iarratasóirí na Scéime Orgánach

Sholáthair Teagasc cursaí oiliúna d'úinéirí talún ag smaoineamh ar athrú chuig an bhfeirmeoireacht orgánach san earrach 2013. B'éigean do gach iarratasóir nua ar an Scéim Feirmeoireachta Orgánaí tabhairt faoi gcúrsa, scéim a d'athsheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney, TD.

Is féidir níos mó brabúis a dhéanamh as feirmeoireacht orgánach i gcomparáid le gnáthfheirmeoireacht. Tá an earnáil seo ag fás de réir a chéile in Éirinn; i láthair na huaire, tá 1,346 táirgeoir orgánach sa tír a bhfuil 58,566 heicteár talún acu atá in úsáid do tháirgeadh orgánach.

Táthar ag súil go laghdóidh an líon talún in úsáid d'fheirmeoireacht orgánach mar gheall ar an éileamh atá ar tháirgí orgánacha, oiriúnacht a lán feirmeacha d'fheirmeoireacht orgánach, agus dreasachtaí Scéim na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá creidiúnú cothrom le caighdeán Leibhéal 5 FETAC luaite leis na cúrsaí a thugann Léargas 25-uair ar Fheirmeoireacht Orgánach, cúrsaí a reáchtáladh thar thréimhse ceithre lá. Ar láithreacha na gcúrsaí úd bhí: Béal Átha hEis, an Caisleán Riabhach, Mainistir Fhear Maí agus Maigh Chromtha.

I measc na n-ábhar a pléadh i rith na gcúrsaí bhí táirgeadh orgánach, caighdeáin agus rialacháin orgánacha, agus eacnamaíocht agus deiseanna margaidh do tháirgí

### An Chomhdháil Náisiúnta Orgánach

Ag labhairt dó ag oscailt na Comhdhála Náisiúnta Orgánaí i dTulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, tharraing Tom Hayes TD, Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, béim ar an obair mhór atá á déanamh ag an National Organic Training Skillnet (NOTS), Teagasc agus Bord Bia agus ar a dtiomantas d'fhorbairt na hEarnála Orgánaí in Éirinn.

Tharraing an tAire Hayes aird ar na deiseanna atá ann do tháirgí Orgánacha Éireannacha sa bhaile agus thar lear agus dúirt sé: "Táim lánchinnte go n-éireoidh go breá leis an bhFeirmeoireacht Orgánach in Éirinn amach anseo má oibríonn páirtithe leasmhara uile an tionscail i dteannta a chéile."

*Saothróirí trátaí chontae Bhaile Átha Cliath thuaidh, William agus Martin Flynn. Tá muintir Flynn ag infheistiú i dtithe gloine nua chun trátaí féithleoige a tháirgeadh do mhargadh na hÉireann. "Cinneadh ollmhór é seo le glacadh de láimh toisc go mbeidh costas os cionn €1 mhilliún le heicteár gloine nua-aimseartha oiriúnach chun trátaí a fhás ann," a deir a gComhairleoir Teagasc, an Dr. Michael Gaffney.*



# Sprioc 3- Éagsúlú a chothú i ngeilleagar na tuaithe agus cáilíocht na beatha faoin tuath a fheabhsú

## PÓRÚ CAPALL

### Póraitheoirí Capall Óga 2013

Reáchtáladh Comórtas Náisiúnta na bPóraitheoirí Óga, eagraithe ag Eachspórt Éireann (HSI) agus Teagasc i gcomhpháirt le Connolly's Red Mills in Aibreán 2013 i gColáiste Chill an Dátúnaigh de chuid Teagasc, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh.

Is éard is aidhm le Comórtas na bPóraitheoirí Óga ná:

- Daoine óga a spreagadh chun ról gníomhach a bheith acu i bpórú, láithriú agus measúnú láracha agus capall óg.
- Daoine óga a aithint a d'fhéadfadh a bheith ina moltóirí/cigirí amach anseo.
- Cur lena bhfuil ar eolas ag daoine maidir le pórú capall agus maidir le capaill a mheas.
- Deis a thabhairt, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, bualadh le daoine eile ar spéis leo an t-ábhar seo

Tá na scileanna a shealbhaítear ábhartha do go leor réimsí eile seachas a bhfuil thuasluaite – m.sh. capall atá le díol nó a bhfuil cigireacht le déanamh air a láithriú; stoc atá le ceannach a mheas; agus cinneadh a dhéanamh maidir leis na capaill ar chóir tuilleadh infheistíochta a dhéanamh iontu agus na capaill ar chóir iad a dhíol.

### Físeán Teagaisc

Tá físeán teagaisc maidir le conas físeán de chapall atá ar díol a chur in eagar agus a uaslódáil ar 'Youtube' curtha i dtoll a chéile ag Declan McArdle, Speisialtóir Eachaí le Teagasc. Is éard atá san fhíseán teagaisc ná leideanna don amaitéarach maidir leis an tslí is fearr chun píosa scannáin a ghabháil, agus maidir leis an tslí is fearr chun an t-ábhar sin a phacáistiú trí úsáid a bhaint as an bpacáiste eagarthóireachta "Windows Movie Maker" (pacáiste ar féidir a íoslódáil saor in aisce). Deir Declan "tá deireadh leis an nós a bhíodh ann cur síos a dhéanamh ar chapall le linn comhrá teileafóin.."

Teastaíonn ó cheannaitheoirí an capall a fheiceáil ar fhíseán sula gcinneann siad teacht chun an capall a fheiceáil." Chomh maith leis sin, dúirt sé "ní mór píosa scannáin a bhfuil cuma ghairmiúil air a sholáthar; ní mór do dhíoltóirí am agus dua a chaitheamh le físeán a chruthú a thugann léargas éifeachtach ar an gcapall san ionad margaidh."

Is éard atá san fhíseán teagaisc ná treoir céim ar chéim maidir le conas físeán de chapall a dhéanamh, conas an ceamthaifeadán baile a úsáid agus eolas maidir leis an bpíosa scannáin is spéis le ceannaitheoirí. Chomh maith leis, mínítear san fhíseán conas an píosa scannáin a uaslódáil ar ríomhaire agus conas Windows Movie Maker a úsáid chun an píosa scannáin a chur in eagar agus an físeán críochnaithe a uaslódáil ar 'Youtube'.

Is féidir breathnú ar an bhfíseán saor in aisce ar láithreán gréasáin Teagasc agus ar láithreán gréasáin Irish Horse Gateway.





*An tOll. Gerry Boyle, le linn cuairte ar thrialacha barr san Aetóip.*

Tá físeán samplach de chapall ar díol le fáil i dteannta leis an bhfíseán teagaisc, a chuireann leis an gcomhairle atá le fáil san fhíseán teagaisc

## Tionscadal Táirgthe Prátaí Síl Inbhuanaithe de chuid Teagasc san Aetóip

Bia agus Mara, an tUas. Tom Hayes TD, Clár Feirmeoireachta Inbhuanaithe SuperValu ag Ionad Nuálaíochta agus Taighde Féaraigh agus Ainmhithe de chuid Teagasc sa Ghráinseach, Co. na Mí. Is é an clár nuálach seo an chéad chlár miondíoltóra-feirmeora atá seolta in Éirinn.

Tá deich bhfeirm Éireannacha (ocht bhfeirm mairteola agus dhá fheirm caorach) roghnaithe chun páirt a ghlacadh sa chéad chéim den

chlár dhá bhliain seo, clár a bhfuil sé mar aidhm leis caighdeán den chéad scoth a sheachadadh i ngach réimse de tháirgeadh beostoic, caighdeán táirgí a fheabhsú agus brabúsacht a fheabhsú do gach comhpháirtí sa slabhra soláthair.

Tá líonra comhairleoirí Teagasc sannta chuig feirmeacha rannpháirteacha, atá suite ar fud na tíre, d'fhonn cabhrú leo

inbhuanaitheacht, éifeachtúlacht feirme, feidhmíocht theicniúil agus brabúsacht a bhfiontar feirmeoireachta a fheabhsú trí thairbhe modúl éagsúil lena n-áirítear:

- Bainistíocht Féaraigh
- Sonraíochtaí Margaidh
- Anailís ar an Lorg Carbóin
- Sláinte Tréada
- Pórúchán

Ceann de phríomh-chomh-pháirteanna an chláir seo é táirgeadh beostoic atá saincheaprtha do roghanna thomhaltóirí na hÉireann.

Roghnaíodh rannpháirtithe an chláir bunaithe ar a scileanna bainistíochta agus a dtoilteanas páirt a ghlacadh i bplean leanúnach feabhais d'fhonn feidhmíocht reatha a fheabhsú agus is feirmeacha atá faofa ag BLQAS

- an Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Mairteola & Uaineola - iad na rannpháirtithe ar fad.

## Todhchaí cheantair tuaithe na hÉireann

Tá impleachtaí fadtréimhseacha ag an ngréasán lonnaíochta síorathraithí in Éirinn ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch na tíre go ginearálta, agus i gceantair tuaithe go háirithe. Mar chuid de thaighde a rinneadh thar ceann an Choimisiúin um Fhorbairt Gheil-leagrach Ceantar Tuaithe (CEDRA) faoi chathaoirleacht Pat Spillane, aimsíodh, i rith na tréimhse idir 1991–2011, gur tharla 75% den fhás sa daonra náisiúnta i gceantair tuaithe.

Díol spéise is ea gur tharla formhór den fhás sa daonra tuaithe i gceantair tuaithe atá gar do nó ins roichte ar lárionaid uirbeacha.

Míníonn an Dr. David Meredith ó Chlár Forbartha an Gheilleagair Tuaithe de chuid Teagasc: "Is ionann na treochtaí atá á dtabhairt faoi deara agus athrú ó bhonn a bheith ag teacht ar dháileadh na bpríomhchohórt daonra.

Le 20 bliain anuas tá fás suntasach tagtha ar an daonra idir 30 agus 49 i 'gceantair tuaithe insroichte'; is áiteanna maithe iad seo le cónaí iontu ar chúiseanna go leor, tá an tithíocht níos saoire, nó tá luach níos fearr ar airgead le fáil, síltear go bhfuil an cháilíocht bheatha níos fearr ná mar atá in ionaid uirbeacha agus tuaithe eile agus, níos tábhachtaí ná sin, tá na háiteanna seo insroichte ar a lán ionad oibre gar do lárionaid uirbeacha agus ceantair tuaithe níos iargúlta nó nach bhfuil chomh hinsroichte céanna."





Leag an Dr. Meredith béim ar an tábhacht a bhaineann le próisis fhadtréimhse gheoi-déimeagrafacha agus a n-impleachtaí ar fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach amach anseo a thuiscint. "Tá comhchruin-niú de phríomh-fho-ghrúpaí á dtabhairt faoi deara i gceantair tuaithe insroichte de réir a chéile, go háirithe sna cohóirt idir 30 agus 49, daoine a bhfuil ardleibhéal oideachais acu.

Cé go bhfuil na forbairtí seo, go ginearálta, ag dul chun tairbhe na gceantar insroichte, tá ceisteanna á gcur maidir le hinmharthanacht fhadtréimhseach ceantar tuaithe eile. Tá an chuma ar an scéal, bunaithe ar threochtaí atá tugtha faoi deara le 20 bliain anuas, go mbeidh dúshlán ann d'Éirinn chomh fada is a bhaineann leis an laghdú i gcodanna eile den tír a bhainistiú."

Eascraíonn ceisteanna tábhachtacha as na forbairtí seo maidir le todhcaí cineálacha éagsúla ceantar tuaithe agus an tslí a mbeidh siad á gcomhtháthú le straitéisí forbartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Tá géarghá lena chinntiú go mbeidh tionscnaimh bheartais agus straitéisí forbartha geilleagraí á gcomhordú ón leibhéal náisiúnta anuas, ó leibhéal na n-údarás réigiúnach agus áitiúil go dtí leibhéal an phobail d'fhonn a chinntiú go mbeidh na cineálacha tacaíochtaí oiriúnacha

ar fáil nuair a bheidh siad ag teastáil agus nuair is féidir an tairbhe is mó a bhaint astu.

## Micreaflóra a rialú ag bia

Tá sa bhreis ar 10 n-uaire an méid ceall baictéarach i gcomparáid le cealla daonna i gcorp an duine. Is ann do sa bhreis ar na trilliúin de na baictéir seo - ar a dtugtar micre-aflóra na stéige - agus tá siad déanta de bhreis is 1,000 speiceas difriúil a bhfuil tairbhe éigin le baint as a bhformhór.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an Ollamh Paul Ross, Ceannaire um Chlár Taighde Bia de chuid Teagasc agus Príomhthaighdeoir in Ionad Cógasbhitheach an Bhia, Teagasc,

Ionad Taighde Bia, an Chloch Liath, "is léir ó thaighde atá déanta go bhfuil tionchar ollmhór ag an mbia a ithimid ar an micreaflóra seo agus chomh maith leis sin gur féidir próifíl an bhailiúcháin bhaictéir seo a nascadh le stádas sláinte an duine".

Ainneoin go bhfuil comhdhéanamh an mhicreaflóra an-chobhsaí i rith na haosachta, tá tréimhsí ann nuair a bhíonn an comhdhéanamh céanna thar a bheith dinimiciúil – ag tréimhsí suntasacha de shaol an duine, m.sh., i ndiaidh na breithe, nuair is ann do riochtaí athlastacha putóige, ionfhabhtú gastraistéigeach agus i ndaoine scothaosta.

éagsúlachtaí aonair le sonrú sa mhicreaflóra freisin, éagsúlachtaí arb ionann iad agus fianaise ar dhifríochtaí i stíl mhaireachtála, aiste bia, géinitic an óstaigh, etc.

Mar chuid de thionscadal dar teideal ELDERMET, rinne foireann eolaithe ó UCC/Teagasc, faoi cheannaireacht an Ollaimh Paul O'Toole, próifíliú ar an micreaflóra faecach ó dhaoine scothaosta in áiteanna cónaithe difriúla lena n-áirítear ionaid phoiblí, ospidéal lae, ionaid athshlánúcháin agus ionaid chúraim chónaithe fhadtréimhseacha.

D'aimsigh an staidéar gur ann do nasc idir an micreaflóra agus an t-ionad cónaithe.

Mhínigh an tOllamh Ross gur "fianaise ba ea na torthaí nach raibh an éagsúlacht chéanna ag baint le micreaflóra aonair daoine i gcúram fadchónaithe agus a bhí i measc daoine a bhí ina gcónaí i measc an phobail." "Ina theannta sin, rinneadh anailís ar na daoine seo i ngrúpaí bunaithe ar a n-aiste bia, bunaithe ar a n-ionad cónaithe agus bunaithe ar ghrúpaí micreaflóra

Díol spéise ba ea go raibh nasc idir deighilt an chomhdhéanaimh mhicreaflóra agus paraiméadair sláinte sna daoine seo lena n-áirítear bearta bunaithe ar leochaileacht, comhghalracht, stádas cothaitheach, marcóirí athlasta agus meitibilítí in uisce faecach". Nuair a dhéantar anailís ar na sonraí seo i dteannta a chéile is fianaise iad ar thionchar a bheith ag aiste bia ar mhicreaflóra na stéige - a bhfuil nasc idir a chomhdhéanamh agus stádas sláinte. Is deis iontach a leithéid d'eolas cabhrú leis an tionscal bia comhábhair bhia agus forbhianna a dhearadh a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an micreaflóra ar bhealach a chuirfeadh le stádas sláinte feabhsaithe tomhaltóirí. Díol spéise é staidéar gaolmhar dar teideal INFANTMET, atá á mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus faoi cheannaireacht an Ollaimh Catherine Stanton ag Teagasc sa Chloch Liath, staidéar atá dírithe ar iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt mhicreaflóra na stéige i dtús an tsaoil mar thoradh ar bheathú cíche.

"Díol spéise a bheidh sa staidéar seo don Tionscal Naí-Ullmhóide a tháirgeann thart ar 12% d'easpórtalacha domhanda san earnáil seo. Mhínigh an tOllamh Ross, i gcomhthéacs náisiúnta, go bhfuil deis iontach ag Éire anois tairbhe a bhaint as ceann de na réimsí is spéisiúla sa taighde bitheolaíoch ó tharla dlús a bheith faoi Thionscal Agraibhia na tíre agus iarracht ar bun éagsúlacht níos mó táirgí bia breisluacha a sholáthar a rachaidh chun tairbhe thomhaltóir an lae inniu."

## Économusée

D'oscail an chéad Économusée sa Ghaillimh. Is bradán deataithe atá á tháirgeadh ann. D'oscail Méara na Gaillimhe, an Comhairleoir Tom Welby, an chéad ÉCONOMUSÉE bia in Éirinn ar an 30ú Aibreán ag The Connemara Smokehouse san Aill Bhreac, Baile Conaola, Co. na Gaillimhe.

Is gnó ceardaí é ÉCONOMUSÉE a osclaítear d'fhonn eispéireas foghlama agus léirmhínitheach a sholáthar do chuairteoirí.

Is iad Graham agus Saoirse Roberts atá i mbun an ÉCONOMUSÉE ag The Connemara Smokehouse, agus is í an aidhm atá acu gné oideachais an eispéiris deataithe éisc atá á chur ó ghlúin go glúin i measc mhuintir Roberts ó 1979 i leith a roinnt. Tugann an ECONOMUSÉE léargas ar an bpróiseas ceardaí, próiseas a thosaíonn le breith ar bhradán, tuinnín, scadán agus ronnach ó uiscí an Aigéin Atlantaigh amach ó chósta thiar na hÉireann. Ansin déantar an bia mara a fhilléadú de láimh, a shailleadh, a bhlaistiú agus a dheatú le feá ag an Connemara Smokehouse sula mbíonn sé réidh don mhargadh miondíola. Is ní tábhachtach is díol spéise do thurasóirí é ÉCONOMUSÉE a chuireann le hinbhuanaitheacht ceantar tuaithe trí fhostaíocht dhíreach a chruthú agus trí ní is díol spéise a sholáthar a chiallaíonn go mbíonn fonn ar thurasóirí cuairt a thabhairt ar réigiúin tuaithe.

Ag labhairt ag an oscailt, dúirt Bainisteoir Comhairleach Réigiúnaigh de chuid Teagasc, Brendan Heneghan:

Bunaíodh coincheap ÉCONOMUSÉE 20 bliain ó shin in Quebec, Ceanada, áit ina bhfuil breis is 50 ÉCONOMUSÉE anois atá ag cur le fostaíocht agus le cothabháil scileanna agus eolas áitiúil i ngnóthaí traidisiúnta tuaithe idir gnóthaí bia ceardaí agus saoirseacht bád."

## AranLIFE Project

D'fhógair an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta go mbeadh maoiniú ar fiú €2.6 milliún é á chur ar fáil do chaomhnú Oileáin Árann faoi scéim LIFE+ an AE. Reáchtálfar Tionscadal AranLIFE ar feadh ceithre bliana ó 2014 ar aghaidh, agus beifear ag obair le feirmeoirí áitiúla d'fhonn tacú le cleachtais thraidisiúnta feirmeoireachta an oileáin d'fhonn a chinntiú go mbeidh oidhreacht shuntasach nádúrtha agus chultúrtha na n-oileán á gcothabháil.

Is tionscadal comhtháite idir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Chomhairle Oidhreachta, an Fóram Eorpach um Chaomhnú an Dúlra agus Tréadachas, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, Teagasc, agus pobail feirmeoireachta thrí Oileáin Árann é Tionscadal AranLIFE.

*Graham Roberts ón Connemara Smokehouse.*



*PRÓIFÍL CLIAINT*

# Deirdre Howlin
## Fiontraí Gairneoireachta

Díograiseoir plandaí, fiontraí agus céimí ó Choláiste Chill an Dátúnaigh de chuid Teagasc í Deirdre Howlin. Bhain sí amach Teastas Leibhéal 5 sa Ghairneoireacht ar dtús, agus ansin Céim sa Ghairneoireacht ó Chill an Dátúnaigh/ Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge in 2007. Ó bhain sí a céim amach, tá roinnt gnólachtaí rathúla gairneoireachta bunaithe ag Deirdre: Grange Greens Plant Centre chomh maith le 'Bridal Bloom', gnó bláthadóireachta atá dírithe ar mhargadh na mbainiseacha. Is cliant de chuid Teagasc anois í agus bíonn sí ag obair leis an speisialtóir plandaí ornáideacha de chuid Teagasc, Andy Whelton.

"Is breá liom éagsúlacht na hoibre," a deir Deirdre, a bhfuil a cuid gnóthaí á reáchtáil ón bhfeirm theaghlaigh gar do Chill Mhór i gContae Loch Garman. "Tráth na Nollag, bhíomar ag táirgeadh na mílte taispeántas ornáideach lena ndíol trí ollmhargaí sa Ríocht Aontaithe. Rud éigin difriúil ar fad a bheidh ar bun againn an mhí seo, ar nós aire a thabhairt do phlandaí anseo san ionad garraíodóireachta. Ní mór go mbeadh scileanna bainistíochta gnó ag duine, chomh maith le bheith in ann plandaí den scoth a tháirgeadh. D'fhoghlaimíomar an dá cheann i gCill an Dátúnaigh."

Is léir go bhfuil Deirdre go maith ag plé le daoine freisin, rud atá riachtanach maidir le déileáil leis an bpobal, chomh maith leis an tsuim mhór atá aici i bplandaí den scoth a tháirgeadh. Deir sí go bhfuil an post a bhí uaithi riamh anall aici anois, ach tá dearcadh réalaíoch aici i leith an tionscail freisin. "Tá táirge só á sholáthar ag an ngairneoireacht tait-neamhachta agus, ar ndóigh, bhí tionchar ag an gcúlú geilleagrach air agus tá dian-iomaíocht ó na hollmhargaí ina leith."

"Ní mór go mbeifeá solúbtha agus roinnt foinsí ioncaim éagsúla a bheith agat," a deir Deirdre, a fhásann Pittosporum agus plandaí eile don tionscal duilliúir ghearrtha ar an bhfeirm. "Is féidir leis an obair a bheith an-dian, idir iarracht choirp agus iarracht mheabhair, ach bainim an-sásamh aisti mar shlí bheatha."



Tá méadú ag teacht ar an éileamh ar dhuilliúr gearrtha dea-ghrádaithe ar mhargaí easpórtála sa Ríocht Aontaithe agus san Ísiltír, le húsáid i crobhaingí bláthanna agus i gcóirithe bláthanna eile, agus tá dea-ionchas ann maidir le leathnú leanúnach an Tionscail bhig in Éirinn. Faoi láthair, tá 25 saothróir ag onnmhairiú níos mó ná luach €3.5 milliún duilliúir, a chruthaíonn fostaíocht a bhfuil géarghá léi sa phiocadh agus sa phróiseáil sna contaetha tuaithe, Ciarraí, Loch Garman agus Port Láirge. Tá Teagasc, Bord Bia agus Fiontraíocht Éireann muiníneach gur féidir spriocanna 2020 na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ó thaobh Fómhar Bia a bhaint amach, is iad sin duilliúr dar luach €20 milliún a tháirgeadh agus 300 post lánaimseartha a chruthú faoin tuath in Éirinn. Tá 150 heicteár de dhuilliúr curtha le ceithre bliana anuas, le tacaíocht ó chúnamh deontais ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá bearta rialaithe níos inbhuanaithe, chun tacú le táirgeadh éiceabhách, ina bpríomh-bhunchloch de chuid an chláir taighde atá ar bun faoi láthair i dTeagasc. Bíonn ceannaitheoirí de shíor ag lorg nuálaíochta: táirgí nua a bhfuil uigeachtaí éagsúla acu, dathanna éagsúla orthu agus bolaithe éagsúla uathu. Treoraíonn Teagasc an obair sin i gColáiste Chill an Dátúnaigh trí mheastóireacht a dhéanamh ar raon leathan plandaí ornáideacha a bhfuil acmhainneacht acu maidir le duilliúr.

An tÚdarás
Talmhaíochta
agus Forbartha Bia

# Sprioc 4 -
## Inniúlacht eagraíochtúil a fheabhsú agus luach a thabhairt ar airgead



Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

# Sprioc 4 - Inniúlacht eagraíochtúil a fheabhsú agus luach a thabhairt ar airgead

### Torthaí an Chláir um Athrú 2

- Laghdú foirne ó 1,574 i mí Eanáir 2008 go 1,109 i mí na Nollag 2013.
- Laghdú sa bhille tuarastail de chuid €26m idir 2008 agus 2013.
- Cothabháil na gcliant comhairleach ag thart ar 40,000 i gcaitheamh na tréimhse trí chéile.
- Rollú méadaithe i gcúrsaí oideachais, ó 1,049 in 2008 go 1,506 in 2013/14.
- Rátaí foilsithe méadaithe i mór-irisí na heolaíochta, ó 2.68 in aghaidh an chomhalta foirne taighde buan in 2008 go 4.03 in 2013.
- Laghdú in infreastruchtúr oifige, ó 91 aonad i mí Eanáir 2008 go 51 i mí na Nollag 2013.
- Méadú san ioncam nach Deontas i gCabhair é, ag baint amach €40.7m in 2013, lena n-áirítear ioncam ginte ó rathúlacht in iarratais tograí taighde, ioncam méadaithe ó thobhaigh táirgeora (déiríocht agus muca), s.rl.
- Sruthlíniú struchtúr taighde, sruthlíniú ar bunaíodh ceithre chlár taighde ar líon beag ardán taighde atá ábhartha don bheo stoc athchogantach mar chuid dó (m.sh. pórú ainmhithe agus taighde féaraigh) agus sruthlíniú a chiallaigh go raibh saineolaithe fiontair á gcur san áireamh mar chuid de struchtúir clár taighde d'fhonn a chinntiú go raibh torthaí á seachadadh do pháirtithe leasmhara ar bhealach níos éifeachtaí.
- Úsáid mhéadaithe na bplégrúpaí i seachadadh na seirbhísí comhairle talmhaíochta ó 305 pléghrúpa in 2008, ag cuimsiú 4,500 feirmeoir, go 812 in 2013 le 12,500 feirmeoir.

*Leathanach roimhe seo: An tOll. Gerry Boyle, an tUas. Michael Berkery, Cathaoirleach FBD Trust, Conor Gouldson, Rúnaí Cuideachta, FBD Holdings plc. agus an Dr. Noel Cawley, Cathaoirleach, Teagasc ag ócáid chasta an fhóid do Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Paddy O'Keefe, an Chloch Liath*



*An Dr. Noel Cawley, an Seanadóir Hildegarde Naughton agus an tOll. Gerry Boyle ag cruinniú faisnéise de chuid Teagasc do chomhaltaí an Oireachtais*

- Comhtháthú an oideachais lánaimseartha bunaithe sa choláiste le seachadadh sruthlínithe na gcúrsaí páirtaimseartha trí 12 Lárionad Oideachais Réigiúnach (REC) a bhunú.
- Cuíchóiriú feidhmeanna príomh-oibríochtaí, lena n-áirítear lárú na feidhme airgeadais agus láraonad soláthair a bhunú.
- Straitéis nua maidir le haistriú teicneolaíochta a fhorbairt don earnáil bia ("Tairseacha") lena n-áirítear Oifig um Aistriú Teicneolaíochta (TTO) a bhunú agus dlús a chur faoi rannpháirtíocht chomhoibríoch leis an earnáil phríobháideach.
- Dul ar iontaoibh sheachfhoinsithe i seachadadh seirbhísí i réimse an oideachais agus na comhairle (REPS).
- Bunú comhaontais straitéiseacha le UCD agus UCC.
- Dianchóras meastóireachta clár a chur i bhfeidhm, clár a áiríonn idir athbhreithnithe rialta ar KPIanna; piarmheasúnuithe seachtracha a fhorbairt agus a áireamh mar chuid de chláir chomhairleacha agus oideachais; Bord Comhairleach Eolaíochta Idirnáisiúnta (ISAB) a bhunú.

## Céim Nua do Sheirbhísí Comhairleach Feirme

D'oscail Comhdháil Idirnáisiúnta um Aistriú Eolais, ag díriú ar agus ag seachadadh córas nuálaíochta, i UCD i mí an Mheithimh. Mar chuid den chomhdháil trí lá, eagraithe i gcomhpháirt ag Teagasc, an Coimisiún Eorpach agus UCD, chualathas go bhfuil aghaidh á thabhairt againn ar chéim nua na seirbhísí comhairleacha san Eoraip.

Mhol an AE gur chóir an Córas Comhairleach Feirme (FAS) a fhorbairt agus gur chóir Comhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach (EIP) a bhunú. Príomhaidhm an EIP ná "Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta". Baineann tábhacht ar leith le soláthar seasmhach bia, beatha agus bithábhar i dtimpeallacht éifeachtúil, tháirgiúil agus trí thalmhaíocht neamhdhíobhálach don chomhshaol.



*An tOll. Gerry Boyle, Director, an Dr. Tom Kelly, an Dr. Inge Van Oost, Coimisiún an AE agus Hugh Brady, UCD.*

Le linn dó a bheith ag labhairt leis an 200 duine as 25 tír, dúirt an Dr. Inge van Oost ó Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe sa Choimisiún Eorpach go mbaineann fíorthábhacht le comhairleoirí chun athrú agus nuálaíocht a spreagadh, de bhrí go gcothaíonn siad naisc idir taighde agus feirmeoirí agus idir gnóthaí agus seirbhísí comhairleacha. Tá sé luaite sa 'Bhuiséad don Eoraip 2020' faoin gceannteideal CBT go mbeidh €4.5 billiún á chur ar fáil do thaighde agus do nuálaíocht i réimse na slándála bia, an bhithgheilleagair agus na talmhaíochta inbhuanaithe.

Ag seachadadh páipéir chomhpháirteach arna ullmhú ag Teagasc, ASA agus ACA, dúirt an Dr. Tom Kelly, Ceannaire um Aistriú Eolais le Teagasc: "Tá deis ann úsáid an dea-chleachtais san aistriú eolais a leathnú chuig feirmeacha.
Ní mór dúinn oibriú i dteannta a cheile chun i bhfad níos mó a bhaint amach agus tacaíocht na bpáirtithe leasmhara tionscail a ghiaráil.
Tá deis ollmhór ann táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta a fheabhsú trí mheán na Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpaí."



## T-stór – taisclann nua um Rochtain Oscailte Teagasc

Is “stór” ar líne d’aschuir thaighde agus de cháipéisí gaolmhara Teagasc é T-Stór. Tá an taisclann ar fáil gan srianadh don phobal i gcoitinne ag: http://t-stor. teagasc.ie.

Tagraíonn ‘Rochtain Oscailte’ d’infhaighteacht gan srianadh ar an Idirlíon poiblí ailt scolártha foilsithe i bhformáid leictreonach, rud a thugann cead d’úsáideoir ar bith an t-ábhar a léamh agus a athúsáid, ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go dtagraítear mar is ceart don údar.

I láthair na huaire, tá páipéir atá ar fáil ar líne cheana féin á gcur sa T-Stór ag Teagasc. De réir mar a bheidh páipéir á bhfoilsiú beidh siad á gcur sa taisclann, agus i ndeireadh na dála beidh léargas le fáil sa taisclann ar an taighde atá déanta ag Teagasc ó 2012 anonn. Cuirfear ábhar stairiúil leis an stór thar am.

## Infheistíochtaí TFC

In 2013 rinne Teagasc nach mór dúbailt arís ar a chuid infheistíochta i gcórais TFC. I measc na n-infheistíochtaí a rinneadh bhí beagnach leath de ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine Teagasc a athsholáthar agus a athrú chuig córas Windows 7, modúl na Muc den chóras Monatóireachta e-Profit a chur i gcrích, an córas r-phoist a uasghrádú, sonraíocht na riachtanas do chóras Pleanála um Bainistíocht Cothaitheach a chríochnú, an Córas Bainistíochta Faisnéise Custaiméirí a fheabhsú agus Sonrascú Ceannaigh a lárú.

## Tuarascáil Bhliantúil um Úsáid Fuinnimh

Feidhmíonn Teagasc as 51 suíomh ar fud na tíre, iad ar scálaí difriúla ó shaoráidí ar nós Champais le foireann os cionn 100 duine (m.sh. Lárionaid Taighde & Coláistí) go hoifigí beaga áitiúla Comhairleacha le timpeall 10 mball foirne iontu.

TIs í timpeallacht thógtha Teagasc an príomh-úsáideoir d’acmhainní fuinnimh, ag cuimsiú suas le 80% den fhuinneamh iomlán a chaitear.

In 2013 d’úsáid Teagasc 23,725 kWh fuinneamh, lena n-áirítear:

- 10,217 MWh de leictreachas nó 43% den fhuinneamh iomlán.
- 8,007 MWh de bhreosla iontaise chun spás a théamh nó 34% den fhuinneamh iomlán.
- 4,102 MWh de bhreosla feithicle (feithiclí talmhaíochta, iompar tráchtála agus flít na ngluaisteán) nó 17% den fhuinneamh iomlán.
- 1,399 MWh de bhreosla in-athnuaite nó 6% den fhuinneamhiomlán.

## Díolacháin oifige agus talún Teagasc

In 2013, díoladh sé áitreabh a bhí in úsáid ag Teagasc mar oifigí comhair-leacha, oifigí a bhí lonnaithe i Ros Mhic Thriúin, Bealach Conglais, an Móta, Muine Bheag, Tiobraid Árann, Ráth Domhnaigh agus páirc 0.63 ha i mBaile Átha an Rí.



*An Dr. Frank O’ Mara, Huk Mok Teagasc TFC agus Maire Caffrey Príomhleabharlannaí Teagasc.*



Ba é Patrick Gillespie buaiteoir na bliana 2013 um sheimineár Chomhaltachtaí Bhreathnach agus buaiteoir bhoinn an RDS, tar éis dó páipéar a chur i láthair ar 'Úsáid féir mar spreagthóir na héifeachtúlachta ar fheirmeacha déiríochta na hEorpa' [Grass utilisation as a driver of efficiency on European dairy farmers]. Is Comhalta Bhreathnach é i Lárionad Taighde an Gheilleagair Tuaithe de chuid Teagasc i mBaile Átha an Rí, agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

## Comhalta Bhreathnach na Bliana de chuid Teagasc Bronnta

Reáchtáladh 18ú Seimineár Chomhaltachta Bhreathnach 2013 de chuid Teagasc san RDS, Baile Átha Cliath, i mí na Samhna. Chuir 13 taighdeoir óg torthaí a gcuid taighde i láthair, agus d'fhoilsigh 33 mac léinn iarchéime póstaeir.

Is é Patrick Gillespie buaiteoir um sheimineár Chomhaltachta Bhreathnach agus buaiteoir bhoinn an RDS, tar éis dó páipéar a chur i láthair ar 'Úsáid féir mar spreagthóir na héifeachtúlachta ar fheirmeacha déiríochta na hEorpa' [Grass utilisation as a driver of efficiency on European dairy farmers]. Is Comhalta Bhreathnach é i Lárionad Taighde an Gheilleagair Tuaithe de chuid Teagasc i mBaile Átha an Rí, agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ba é Shane Kennedy a bhuaigh an duais don phóstaer is fearr le póstaer dar teideal 'Grain number /m2 in barley – how much is too much?' Is Comhalta Bhreathnach é atá lonnaithe in Ionad Taighde Barr de chuid Teagasc i bPáirc na Darach agus ag SRUC Dhún Éideann san Albain.

## Measúnú ar Choláistí Teagasc

Shínigh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) Meabhrán Tuisceana (MOU) le Teagasc, an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia. Forálann an comhaontú seo go ndéanfadh an Chigireacht clár de Mheastóireachtaí Coláiste Uile (WCEanna) i gColáistí Talmhaíochta Teagasc a dhearadh agus a chur i gcrích, le cois coláistí faoi úinéireacht phríobháideach a bhfuil cúrsaí á dtairiscint thar ceann Teagasc acu sna trí bliana amach romhainn.



Ar iarratas ó Teagasc, rinneadh meastóireachtaí píolótacha ar dhá choláiste talmhaíochta - Coláiste Bhéal Átha hÉis i gCo. an Chabháin agus Coláiste an Ghoirtín i gCo. Thiobraid Árann - go luath in 2013.

Bhí Cigirí ón Roinn Oideachais agus Scileanna i gceannas ar gach foireann cigireachta mar aon le saineolaí ó cheanncheathrú Teagasc agus saineolaí seachtrach le saineolas san oideachas talmhaíochta.

Dearbhú ba ea na meastóireachtaí píolótacha ar a lán gnéithe den obair atá ar bun sa dá choláiste mar aon le deis aird a tharraingt ar na dúshláin agus ar na deiseanna feabhais atá ann maidir le caighdeán soláthair a gcúrsaí. Rinne Údarás Teagasc athbhreithniú ar na cigireachtaí agus bhí an tÚdarás sásta gur bhain cuspóir tábhachtach meastóireachta leis an bpróiseas WCE.

Chreid siad go raibh eolas luachmhar le baint as na WCEanna, go háirithe maidir le caighdeán an teagaisc agus na foghlama sna coláistí, agus d'iarr siar ar an gCigireacht meastóireachtaí cosúla a dhéanamh sna coláistí talmhaíochta eile.

I ndiaidh roinnt idirbheartaíochtaí, chomhaontaigh an Roinn WCEanna a dhéanamh i dtrí choláiste Teagasc agus sa dá choláiste faoi úinéireacht phríobháideach sa tréimhse idir 2014 - 2016.

Dúirt Príomhchigire na Roinne Oideachais agus Scileanna, an Dr. Harold Hislop: "Cúis áthais do Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna a bheith ag obair le Teagasc chun meastóireacht a dhéanamh ar choláistí talmhaíochta

Is cuid thábhachtach dár ngeilleagar í an earnáil talmhaíochta agus táimid ag súil le bheith ag comhoibriú leis an Údarás agus lena iarrachtaí na caighdeáin foghlama atá á soláthar dá mic léinn sna coláistí talmhaíochta a fheabhsú."

Mhol Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna as tabhairt faoi na meastóireachtaí píolótacha comhpháirteacha coláiste atá déanta go dtí seo. "Tá ardmheas ag Teagasc go háirithe ar nádúr gairmiúil, neamhspleách na meastóireachtaí atá curtha i gcrích. Le blianta beaga anuas, tá méadú beagnach 150% tugtha faoi deara ag Teagasc sa líon mac léinn atá ag clárú sna coláistí rud ba chionsiocair le méadú suntasach ar na cóimheasa mac léinn-foirne.



*Bonn Óir Teagasc á bhronnadh ar an Ollamh Tim Guinee ag Cathaoirleach Teagasc, an Dr. Noel Cawley.*

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh Teagasc dianmhonatóireacht ar chaighdeán an tseachadta oideachais sa chomhthéacs sin. Dúirt sé go mb'fhéidir go mbeadh sé riachtanach teorainn a chur leis an líon mac léinn a chlárófar, má tá an caighdeán thíos leis.

Gach bliain glacann breis is 3,600 foghlaimeoir páirt i gcúrsaí oideachais lánaimseartha, páirtaimseartha agus cianoideachais atá á reáchtáil ag Teagasc. Tá clár cuimsitheach dearbhú cáilíochta á chur i bhfeidhm ag Teagasc tríd an gcomhaontú soláthróra atá aige le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Tá meastóireachtaí ar an gcoláiste uile forbartha ag Teagasc mar bheart breise chun treoir a chur ar bhainisteoirí oideachais chun feabhas leanúnach cáilíochta a chinntiú.

## Comhaontaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann & Teagasc M.O.U.

Cuirfidh Meabhrán Tuisceana idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus Teagasc, le taighde agus le nuálaíocht in earnáil agraibhia na hÉireann, earnáil a bhfuil breis is 150,000 duine fostaithe inti sa tír seo. Chomhaontaigh SFI agus Teagasc deontais taighde idir eolaithe ó dhisciplíní talmhaíochta agus bia agus eolaithe ó dhisciplíní eolaíochta agus innealtóireachta eile a mhaoiniú i gcomhpháirt.

Is é atá mar aidhm leis an tionscnamh comhpháirteach seo raon leathan disciplíní agus teicneolaíochtaí a úsáid chun nuálaíocht san earnáil agraibhia a neartú agus deiseanna a thairiscint d'eolaithe sna disciplíní éagsúla lena n-áirítear géanómaíocht, róbataic, eolaíocht na n-ábhar, nanaitheicneolaíocht, imdhíoneolaíocht agus TFC.
Is tríd an raon leathan seo disciplíní a thabhairt le chéile a thacófar leis na spriocanna brabúsachta, iomaíochais agus inbhuanaitheachta atá sonraithe i straitéis "Food Harvest 2020" na Roinne Talmhaíochta.

## Bonn Óir 2013 de chuid Teagasc

Is ar an Oll. Tim Guinee, Príomhoifigeach Taighde i Roinn Cheimic agus Teicneolaíocht Bia Teagasc, an Chloch Liath, a bronnadh Bonn Óir 2013 de chuid Teagasc. Bronntar Bonn Óir Teagasc gach bliain ar chomhalta foirne a bhfuil obair thar na bearta déanta aige/aici thar ceann na heagraíochta nó na hearnála agraibhia.

Bronnadh an gradam ar an Ollamh Guinee mar aitheantas ar an méid atá curtha i gcrích aige ó thosaigh sé ag obair le Teagasc i 1990.

Bonn Óir Teagasc á bhronnadh ar an Ollamh Tim Guinee ag Cathaoirleach Teagasc, an Dr. Noel Cawley. Is údar/comhúdar é an tOll. Guinee ar 84 páipéar eolaíochta piarmheasúnaithe, dhá phaitinn, 21 caibidil i leabhair, trí théacsleabhar, dhá mhonagraf, agus go leor alt teicniúil eile i meáin éagsúla. I láthair na huaire, is comhalta de Bhord eagarthóireachta an International Dairy Journal (ó 2005) agus an Egyptian Journal of Dairy Science (ó 1995) é, agus bhí sé ina chomheagarthóir ar an International Dairy Journal (2001-2005) roimhe seo. Bhí sé ina chomhalta de Chomhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht ó 2006-2010.

In Eanáir 2011, ceapadh é mar Ollamh Taca i gColáiste na hEolaíochta, Innealtóireachta agus Eolaíocht an Bhia, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Chomh maith leis sin, tá sé ina chomhalta d'fhoireann gníomhaíochta um laghdú salainn i gcáis, foireann atá bunaithe ag an gCónaidhm Idirnáisiúnta Déiríochta.

Is saineolaí idirnáisiúnta é an tOllamh Guinee chomh fada is a bhaineann le staidéar ar shreabheolaíocht agus airíonna feidhmiúla maitrísí bia ilchodacha ardphróitéine, agus saothrú na n-airíonna seo i monarú agus comhthiomsú/foirmliú bia, le béim faoi leith ar chórais ghlóthán agus cáis-bhunaithe.

## Comhaontú foirmiúil idir Teagasc agus Acadamh Eolaíochtaí Talmhaíochta na Síne

Ón mbliain 2000 anonn ó thosaigh an Dr. Eimear Gallagher, de bhunadh Dhroichead na Bandan i gCo. Chorcaí, ag obair le Teagasc, bhí baint aici le 17 tionscadal taighde maoinithe, tionscadail a bhí dírithe ar ghránbharra agus ar bháicéireacht, agus ba í Eimear a chomhordaigh 12 de na tionscadail sin, tionscadail arbh fhiú thart ar €5.3 milliún iad.
Tá comhpháirtithe comhoibríocha as Éirinn, an Eoraip agus na Stáit Aontaithe páirteach sna tionscadail mhaoinithe seo. Chomh maith leis sin, tá baint ag Eimear le roinnt trialacha taighde leanúnacha maoinithe ag an tionscal, trialacha a bhfuil ilnáisiúntaigh mhóra agus cuideachtaí FBM bia, comhábhar agus sneaice páirteach iontu.

I Meitheamh 2013 síníodh Meabhrán Tuisceana (MOU) idir Teagasc agus Acadamh Eolaíochtaí Talmhaíochta na Síne (CAAS), meabhrán a éascaíonn comhoibriú agus malartú eolaíochta idir an dá ghníomhaireacht.

Ba é an tUasal Tang Ke, Ard-Stiúrthóir na Roinne Eolaíochta agus Oideachais, ó Aireacht Talmhaíochta na Síne, a shínigh an Meabhrán Tuisceana thar ceann CAAS agus ba é an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc a shínigh an Meabhrán thar ceann oifigí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara i mBaile Átha Cliath.

Bhí Leas-Aire Talmhaíochta na Síne, an tUasal Zhang Taolin agus an tAire Stáit sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tUasal Brian Hayes, i láthair ag síniú an mheabhráin.

D'eascair an Meabhrán Tuisceana seo as an misean trádála a thug an tAire Coveney ar an tSín in 2012, tráth ar ghlac Teagasc páirt i bhFóram na hÉireann-na Síne ar tháirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta, fóram a reáchtáil CAAS.

Ba í aidhm an Fhóraim deiseanna malartaithe eolaíochta idir an dá ghníomhaireacht a spreagadh agus a fhorbairt sa réimse póraithe ainmhithe agus géinitice, táirgeadh déiríochta, táirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta, lena n-áirítear an nasc atá ag na réimsí seo le hathrú aeráide, sábháilteacht bia agus anailís iarmhair, agus tréidliacht mar aon le níos mó deiseanna a éascú chun tionscadail chomhoibríocha i réimsí leasa choitinn a fhorbairt.

Dúirt an tAire Coveney gurb ionann cuairt an Leas-Aire Zhang agus deis eile fós cur le próifíl na hÉireann mar ionad barr feabhais i dtáirgeadh bia agus sna heolaíochtaí taighde ag na leibhéil pholaitiúla is airde sa tSín, mar aon le deis an caidreamh láidir trádála idir an dá thír a dhaingniú tuilleadh.

## Dámhachtain Fulbright-Teagasc

Ón mbliain 1957 anonn, tá Dámhachtainí Fulbright á mbronnadh gach bliain ag rialtas na hÉireann agus rialtas na Stát Aontaithe chun deis a thabhairt do mhic léinn, scoláirí agus gairmithe Éireannacha tréimhse a chaitheamh ag staidéar, ag léachtóireacht, agus i mbun taighde i gcuid de na hollscoileanna agus de na hinstitiúidí is mó cáil ar fud na Stát Aontaithe.

Déanann roinnt cuideachtaí agus gníomhaireachtaí Éireannacha urraíocht ar Dhámhachtainí Fulbright, CRH plc, Fiontraíocht Éireann, Foras na Mara, agus Teagasc ina measc. Is ar an Uasal Shane Crowley a bronnadh Dámhachtain Fulbright-Teagasc an Mhic Léinn. Is in Ollscoil Wisconsin, Madison a thabharfaidh Shane faoi thaighde ar leithlisiú próitéin déiríochta a bhfuil sé mar aidhm leis bianna a threisiú agus próifíl chothaitheach bianna a fheabhsú, taighde atá á dhéanamh mar chuid de PhD atá á dhéanamh ag Shane i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

*Bhí Leas-Aire Talmhaíochta na Síne, an tUasal Zhang Taolin agus an tAire Stáit sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Brian Hayes, i láthair ag síniú an mheabhráin.*





*Le linn Seachtain na hEolaíochta d'fhoghlaim daltaí a thug cuairt ar Teagasc, Baile an Ásaigh, faoin gcaoi ina ndéantar ispíní.*

## Seachtain na hEolaíochta

I rith Sheachtain na hEolaíochta i mí na Samhna 2013 thug lárionaid agus coláistí taighde Teagasc cuireadh do scoileanna áitiúla teacht chun cainte lena fhoireann taighde agus teagaisc agus foghlaim faoin obair a dhéanann Teagasc d'fhonn tacú le nuálaíocht eolaíocht-bhunaithe san earnáil agraibhia agus an bithgheilleagar trí chéile, a thacóidh le brabúsacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht.

D'fhreastail breis is 1,000 mac léinn ar imeachtaí Seachtain na hEolaíochta de chuid Teagasc. I mBaile Átha an Rí, thug daltaí ó scoileanna áitiúla faoi shraith turgnamh praiticiúil le héachtaint a fháil ar an gcaoi go bhfuil an eolaíocht á húsáid ag Teagasc chun dul i ngleic le ceisteanna i dtaca le hatáirgeadh agus seadánachas i gcaoirigh.

Ag Teagasc sa Ghráinseach bhí taispeántas den taighde eolaíocht bhitheach mairteola agus ainmhí atá ar siúl ar an gcampas.

Ag Teagasc i gCaisleán Bhaile Sheáin, d'fhoghlaim daltaí faoin taighde atá ar bun ag Teagasc faoi láthair, i réimsí cosúil le héiceolaíocht, rothaíocht carbóin, cáilíocht uisce agus ithreacha, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht cothaitheach.

Lena chois sin, thug an Dr. Stephen Kildea, Teagasc Pháirc na Darach, cur i láthair i leabharlann Cheatharlach faoi bharra coitianta agus an bealach a bhforbraíonn siad agus phléigh sé galair na mbarr freisin.

Ag an Lárionad Taighde Bia atá ag Teagasc i mBaile an Ásaigh, bhí se mar aidhm le lá spóirt agus spraoi spéis a chothú i ngairmeacha sa taighde eolaíochta, agus an eolaíocht atá mar bhonn le bia – trí léirithe, láithreoireachtaí agus idirghníomhaíocht le taighdeoirí atá i mbun taighde ar bhia agus ar ghairneoireacht.

Ag Teagasc i bPáirc na Darach, thug daltaí ar thuras mórthimpeall na saotharlann biteicneolaíochta agus chonaic siad cuid de na cláir eolaíochta plandaí agus póraithe prátaí. Thaispeáin taighdeoirí agus teicneolaithe an clár taighde agus thug siad léargas ar an obair a bhaineann le heolaíocht barr.
Ag Teagasc i gColáiste Chill an Dátúnaigh tugadh faoi dhioscadh ar chórais díleáite athchogantacha agus monoghastracha.

Thug an taispeántas deis do dhaltaí Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta orgáin na gcóras sin a fheiceáil lena súile féin, agus b'fhéidir roinnt samplaí de dhamáiste coitianta na seadán.
the Marine Institute, and Teagasc.

*PRÓIFÍL FOIRNE*

# An Dr. Eimear Gallagher
## Oifigeach Taighde Sinsearach, Teagasc Bhaile an Ásaigh.

**Ón mbliain 2000 anonn ó thosaigh an Dr. Eimear Gallagher, de bhunadh Dhroichead na Bandan i gCo. Chorcaí, ag obair le Teagasc, bhí baint aici le 17 tionscadal taighde maoinithe, tionscadail a bhí dírithe ar ghránbharra agus ar bháicéireacht, agus ba í Eimear a chomhordaigh 12 de na tionscadail sin, tionscadail arbh fhiú thart ar €5.3 milliún iad. Tá comhpháirtithe comhoibríocha as Éirinn, an Eoraip agus na Stáit Aontaithe páirteach sna tionscadail mhaoinithe seo. Chomh maith leis sin, tá baint ag Eimear le roinnt trialacha taighde leanúnacha maoinithe ag an tionscal, trialacha a bhfuil ilnáisiúntaigh mhóra agus cuideachtaí FBM bia, comhábhar agus sneaice páirteach iontu.**

**Ag eascairt as an taighde atá déanta ag Eimear tá sraith nua nósanna anailíseacha a éascóidh meastóireacht agus tuiscint níos fearr ar airíonna cáilíochta gránbharr. Chomh maith leis sin, tá inniúlacht aitheanta idirnáisiúnta aici i dtaighde sa réimse saor ó ghlútan.**

**Galar céiliach**

"In Éirinn, tá thart ar duine amháin as gach céad buailte leis an ngalar céiliach," a deir Eimear. "Is frithghníomhú uath-imdhíonachta don chodán prólaimín den phróitéin glútain é galar céiliach, galar a dhéanann damáiste do na villis sa stéig bheag. Is é an t-aon leigheas atá ar ghalar céiliach bianna a bhfuil cruithneacht, eorna, speilt, seagal agus coirce iontu a sheachaint. Tá céatadán ard calraí ina lán de na táirgí saor ó ghlútan atá ar an margadh, agus is táirgí iad atá gann ar bhlastacht, tathag agus co-thaitheach, agus anuas air sin is táirgí costacha iad."



Tá an Dr. Gallagher agus a comhghleacaithe i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar na táirgí malartacha a d'fhéadfaí a úsáid seachas gnáthphlúr chun táirgí bácála a dhéanamh. Tá aird ar leith dírithe acu ar an bpointéinseal a bhaineann le horáiste meilte (OP). Is fotháirge ón tionscal caineog agus súlach é oráiste meilte, táirge a bhfuil airíonna cothaitheacha maithe luaite leis; is táirge beagmhéathrais é (2% ábhar tirim) agus is táirge é a bhfuil céatadán ard snáithín cothaitheach ann (40% ábhar tirim) agus d'fhéadfaí é a úsáid mar chomhábhar bia.

D'eascair an Meabhrán Tuisceana seo as an misean trádála a thug an tAire Coveney ar an tSín in 2012, tráth ar ghlac Teagasc páirt i bhFóram na hÉireann-na Síne ar tháirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta, fóram a reáchtáil CAAS.

Ba í aidhm an Fhóraim deiseanna malartaithe eolaíochta idir an dá ghníomhaireacht a spreagadh agus a fhorbairt sa réimse póraithe ainmhithe agus géinitice, táirgeadh déiríochta, táirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta, lena n-áirítear an nasc atá ag na réimsí seo le hathrú aeráide, sábháilteacht bia agus anailís iarmhair, agus tréidliacht mar aon le níos mó deiseanna a éascú chun tionscadail chomhoibríocha i réimsí leasa choitinn a fhorbairt.

Dúirt an tAire Coveney gurb ionann cuairt an Leas-Aire Zhang agus deis eile fós cur le próifíl na hÉireann mar ionad barr feabhais i dtáirgeadh bia agus sna heolaíochtaí taighde ag na leibhéil pholaitiúla is airde sa tSín, mar aon le deis an caidreamh láidir trádála idir an dá thír a dhaingniú tuilleadh.

## PRÍOMHTHÉAMA IN 2013

# Athchóiriú CBT

**Le comhaontú athchóirithe an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) i mí an Mheithimh 2013 tháinig deireadh le tréimhse fhada idirbheartaíochtaí i dtaca le cruth an bheartais talmhaíochta AE. Beidh an CBT athchóirithe i bhfeidhm ó 2014 go 2015 agus cuimsíonn sé athruithe go Colún 1 (eagraíocht an mhargaidh agus beartais tacaíochta um ioncam díreach) mar aon le beartais Cholún 2 (Forbairt Tuaithe). Is iad na príomh-shaintréithe atá le beartais athchóirithe Cholún 1 an CBT ná**

**i) athdháileadh na tacaíochta ioncaim dhírigh ó fheirmeoirí le leibhéil tacaíochta Cholún 1 thar an meán acu chuchu siúd le leibhéil tacaíochta faoi bhun an meán acu;**

**ii) Glasú an CBT;**

**iii) an tsolúbthacht mhéadaithe arna deonú do Bhallstáit i leith conas a chuirtear an rialachán íocaíochta dírí chun feidhme laistigh de chreat na dtairsí íocaíochtaí dírí náisiúnta seasta (buiséid) i gcaitheamh na tréimhse 2014-2020.**

I gcaitheamh an phróisis idirbheartaíochta sholáthair taighdeoirí ó Rannóg Suirbhéanna Feirme agus Eacnamaíochta Talmhaíochta (AEFSD) de chuid Teagasc saineolas taighde agus anailíseach don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) mar thacaíocht do rannpháirtíocht na hÉireann i bpróiseas na n-idirbheartaíochtaí um athchóiriú CBT. Dhírigh taighde a rinne foireann AEFSD ar na hathruithe le réimis íocaíochta dírí um Cholún 1 CBT, agus rinneadh iarracht tuiscint a fháil ar an tionchar ar dháileadh na tacaíochta ioncaim dhírigh ó roghanna éagsúla cur chun feidhme um athchóiriú Cholún 1 CBT, tionchar na roghanna beartais seo ar ioncaim feirme agus na tionchair táirgthe féideartha le hathruithe athchóirithe CBT.

Tá an tacar roghanna athchóirithe féideartha laistigh den CBT nua fíormhór agus dearadh an tacar is cúinge de 5 rogha beartais anailísithe ag Teagasc chun an lucht déanta cinntí a sholáthar le measúnú oibiachtúil ar thionchar na roghanna beartais a mbeadh lucht déanta beartas na hÉireann ag tabhairt aghaidh orthu. Níl anailís Teagasc ag "moladh" rogha beartais amháin thar ceann eile; ach soláthraíonn anailís eacnamaíoch Teagasc fianaise oibiachtúil ar thionchar na roghanna éagsúla cur chun feidhme um athchóiriú CBT ar dháileadh na tacaíochta ioncaim dhírigh i measc feirmeoirí na hÉireann, ar ioncam feirme teaghlaigh agus ar aschur talmhaíochta na talmhaíochta Éireannaí. Bhí raon leathan cásanna a rinneadh anailís orthu, ó cheann amháin ina raibh an tsaoirse íocaíochta díreacha a chúpláil go táirgeadh á shárú a oiread agus ab fhéidir go ceann eile nár chuir i bhfeidhm ach an íosmhéid dáilte a ceadaíodh faoin CBT athchóirithe in Éirinn.

A fhairsinge agus atá fáltais reatha na n-íocaíochtaí tacaíochta ioncaim dhírigh díchúpláilte ón gCóras Íocaíochta Aonair (SPS) agus na scéimeanna a soláthraítear dóibh faoin CBT nua ag tacú le táirgeadh talmhaíochta, síneann na torthaí ó anailís eacnamaíoch Teagasc i dtreo comhbhabhtáil idir chuspóirí beartais atá dlisteanach ach iomaíoch a iarrann i) uasmhéadú a dhéanamh ar ioncam an líon uasta feirmeacha agus ii) íosmhéadú a dhéanamh ar thionchar ioncaim dhiúltaigh um athchóiriú CBT ar aschur talmhaíochta na hÉireann. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar díobhálach ar bhrabúsacht an táirgthe ar líon níos lú feirmeacha móra níos déine ag roghanna cur chun feidhme beartais a dhíríonn ar íocaíochtaí díreacha cúpláilte nó íocaíochtaí bunaithe ar achar ar ghníomhaíochtaí talmhaíochtaí a bhfuil líon mór feirmeoirí níos lú agus feirmeoirí nach bhfuil gafa le feirmeoireacht chomh dian sin.

I mí Iúil 2013 sheol an RTBM próiseas comhairliúcháin phoiblí i dtaca le cur chun feidhme an Rialachán Íocaíochtaí Dírí nua de chuid an CBT. Foilsíodh an chomhairle taighde agus anailíseach a sholáthair Teagasc don RTBM mar chuid d'aighneachtaí Teagasc ar athchóiriú CBT. Fógraíodh cinneadh deiridh an Rialtais i dtaca le cur chun feidhme um athchóiriú CBT in Éirinn i mí Eanáir 2014. Chuidigh eacnamaithe Teagasc tríd an saineolas taighde agus anailíseach a soláthraíodh don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le Rialtais na hÉireann i bpróiseas na n-idirbheartaíochtaí um athchóiriú CBT. Sholáthair anailís eacnamaíoch oibiachtúil na n-iarmhairtí le roghanna éagsúla cur chun feidhme beartais féideartha an Rialtas mar aon le páirtithe leasmhara an tionscail agraibhia le léargais ríthábhachtacha i leith iarmhairtí na roghanna beartais clúdaithe.



An tÚdarás Talmhaíochta agus Forbartha Bia

# Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

Teagasc

Agriculture and Food Development Authority

## *Ráitis Airgeadais*
### *An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012*

Clár Ábhair | Leathanach


| | |
|---|---|
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 59 |
| RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS | 61 |
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS | 62 |
| POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA | 63 - 64 |
| INCOME AND EXPENDITURE ACCOUNT | 65 |
| RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA | 65 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 66 |
| RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID | 67 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 68 - 81 |

Teagasc – An tÚdarás Talmhaíochta agus Forbartha Bia

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid Teagasc don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle) 1988. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir na bpolasaithe cuntasaíochta leagtha amach iontu, na polasaithe cuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a forordaítear faoi Alt 12 den Acht, agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a ghlactar i gcoitinne leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Údaráis
Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.
Déantar m'iniúchadh le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit, i dtaca lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an iniúchta ar na ráitis airgeadais
Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna Ráitis Airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid é. Áiríonn sé seo measúnú ar:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí an Údaráis, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Sa bhreis air sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireacht dealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim mo mhachnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais
I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atá ullmhaithe de réir an chleachtais chuntasaíochta a ghlactar i gcoitinne leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis ag 31 Nollaig 2013 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2013.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Nithe a dtuairiscím de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas:

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha beartaithe ina leith nó sa chás nár ghéill na hidirbhearta do na húdaráis á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó mura léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais géilliúlacht an Údaráis leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- más rud é gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dtuairiscím de réir eisceachta orthu.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meitheamh 2014

# *Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais*

Thar ceann Údarás Teagasc, aithním ár bhfreagracht i leith a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní absalóideach a sholáthar in aghaidh earráide ábhartha, míráitis nó caillteanais. Agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais á meas, tugann an tÚdarás agus a Choiste Iniúchóireachta aird, i measc rudaí eile, ar riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá bearta curtha i gcrích ag an Údarás lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm trí:

- freagrachtaí bainistíochta, údaráis agus cuntasachta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Teagasc agus a chuid sócmhainní a chosaint;
- cultúr cuntasachta a fhorbairt thar leibhéil uile na heagraíochta.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás d'fhonn rioscaí gnó laistigh de Teagasc a aithint trí:

- nádúr, fairsinge agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair Teagasc a aithint, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí na rioscaí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheas;
- measúnú a dhéanamh ar chumas Teagasc na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe faoi leith a fheidhmiú a mheas i gcoibhneas leis an sochar a fhaightear.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat tuairiscithe bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta lena n-áirítear:

- córas cuimsitheach bliantúil um buiséadú agus tuairisciú airgeadais a athbhreithníonn agus a fhaomhann an tÚdarás;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an tÚdarás ar an straitéis fhoriomlán, ar phleananna gnó agus airgeadais agus ar athraithis i gcomparáid le buiséid oibriúcháin agus chaipitil.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Teagasc, a fheidhmíonn i gcomhréir le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus leis na critéir éifeachtúlachta leagtha amach i Ráiteas Straitéise Teagasc arna fhoilsiú in 2012. Faigheann obair na hiniúchóireachta inmheánaí a cuid eolais ó anailís ar an riosca a bhfuil Teagasc nochta ina leith agus tá pleananna iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís seo. Faomhann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna iniúchóireachta inmheánaí. In 2013, d'fhostaigh an tÚdarás saineolaí seachtrach chun comhairle a chur ar an gCoiste Iniúchóireachta.

Tugann obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Teagasc atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil agus ráitis de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta, bunbhrí do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Dearbhaím go rinne an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais in 2013.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
27ú Meitheamh 2014

# *Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis*

Faoi Alt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, éilítear ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a fhéadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a fhaomhadh le comhthoil an Aire Airgeadais. Ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, éilítear ar an Údarás:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura bhfuil sé feiliúnach glacadh leis go leanfaidh Teagasc i mbun oibre;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais Teagasc agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na riachtanais reachtúla. Coinnítear na leabhair chuntais i gceanncheathrú an Údaráis i bPáirc na Darach, Ceatharlach. Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní Teagasc a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
27ú Meitheamh 2014

Marie Christie Uasal
Comhalta den Údarás
27ú Meitheamh 2014

# Polasaithe Cuntasaíochta
## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha a bhfuil glactha ag Teagasc leo:

**Bunús na cuntasaíochta**
Táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil, faoi réir sócmhainní áirithe á gcur san áireamh tráth na luachála (féach thíos), agus i bhfoirm faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhthoil an Aire Airgeadais faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta, ach amháin sa mhéid atá sonraithe thíos agus i gcomhréir leis na cleachtais chuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

**Moorepark Technology Limited**
Is comhfhiontar é Moorepark Technology Limited idir Teagasc agus chomharchumainn talmhaíochta éagsúla. Tá sealúchas 57% ag Teagasc i scairchaipiteal íoctha na cuideachta. Táthar tar éis ráitis airgeadais iniúchta ar leithligh a ullmhú maidir le Moorepark Technology Limited. Tá sé beartaithe ag Teagasc nach bhfuil sé iomchuí na torthaí de chuid Moorepark Technology Limited a chomhdhlúthú. An chúis gur imíodh ón gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme seo ná go bhfuil struchtúr corparáideach Moorepark Technology Limited agus a mhéid go hiomlán difriúil ó Teagasc féin. Soláthraíonn an chóireáil roghnaithe sna Ráitis Airgeadais níos mó faisnéise don léitheoir i ndáil le Moorepark Technology Limited agus an caidreamh idir é agus Teagasc ná mar a bheadh i gceist dá nglacfaí na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais.

**Cistiú Stáit**
Áirítear cistiú Stáit le haghaidh taighde bia agus taighde talmhaíochta, don chomhchlár taighde Stimulus agus don Chlár Dobharcheantar Talmhaíochta ar bhonn fabhruithe. Áirítear an cistiú Stáit eile ar fad ar bhonn na bhfáltas airgid.

**Taighde agus tionscadail eile**
Áirítear deontais maidir le tionscadail taighde agus tionscadail eile mar ioncam sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas gaolmhar.

**Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas**
Tógadh sócmhainní ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais ar an 8ú Meán Fómhair 1988 ag na luachanna deiridh a bhí i gCláir Chomhardaithe na gcomhlachtaí sin. Luaitear breiseanna ag costas.

Ní dhéantar dímheas ar thalamh. Ní dhéantar sócmhainní á dtógáil a dhímheas. Díscríobhtar costas nó luacháil shócmhainní seasta eile atá faoi úinéireacht trí thráthchodanna cothroma thar an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh Feirme | 20 bliain |
| Foirgnimh Eile | 50 bliain |
| Gléasra agus Feithiclí | 5 bliana |
| Trealamh Ríomhairí | 3 bliana |
| Trealamh Saotharlainne agus Oifige | 10 mbliana |

Dímheastar sócmhainní a gcoinnítear faoi léasanna airgeadais thar théarma an léasa, má tá sé seo níos giorra ná an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu. Gearrtar dímheas leathbhliana sna blianta a fuarthas agus a diúscraíodh na sócmhainní.

**Léasanna**
Déileáiltear le sócmhainní seasta a fhaightear faoi léasanna airgeadais de réir an bheartais thuasluaite faoi shócmhainní seasta. Cuimsítear gné chaipitiúil na n-oibleagáidí cíosa gaolmhara faoi dhliteanais, agus gearrtar an ghné úis ar chaiteachas thar théarma na buntréimhse léasa.

Gearrtar cíosanna ar léasanna oibriúcháin faoi chaiteachas de réir mar a dtabhaítear iad.

**Cuntas caipitil**
Is ionann an t-iarmhéid ar an gcuntas seo agus luach neamh-amúchta na gcistí a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

**Stoic**
Tá luacháil déanta ag oifigigh Teagasc ar stoic. Déantar beostoc agus táirgí feirme a luacháil ag glanluach measta inréadaithe. Cinntear glanluach inréadaithe ar an mbonn go ndíoltar ainmhithe ar an margadh oscailte. Tugtar léargas iomlán san ioncam oibriúcháin ar na gnóthachain agus ar na caillteanais a eascraíonn as na luachálacha seo. Déantar na stoic eile ar fad a luacháil ag an gcostas níos ísle agus ag glanluach inréadaithe.

**Féichiúnaithe**
Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta a luaithe a thagann siad chun cinn agus déantar soláthar ar leith má mheastar aisghabháil a bheith amhrasach.

**Pinsin**
Tá scéimeanna pinsean sochair shainithe á bhfeidhmiú ag Teagasc a fhaigheann maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a chuirtear ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil, agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na mball foirne.

Tomhaistear dliteanais na Scéime Pinsean ar bhonn achtúireach ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta.

Tugann na costais phinsean léargas ar na sochair phinsean a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad saor ó ranníocaíochtaí pinsean foirne a choinníonn Teagasc. Aithnítear aon mhéid arb ionann é agus an muirear pinsean mar ioncam, sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a scaoileadh.

Aithnítear na gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag eascairt as athruithe ar thoimhdí achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha de chuid íocaíochtaí pinsean na todhchaí atá tuillte ag comhaltaí foirne go dtí seo. Is ionann maoiniú pinsean iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

**Airgeadra coigríche**
Aistrítear go Euro idirbhearta a shonraítear in airgeadraí eachtracha agus cuirtear sa chuntas iad de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear go Euro sócmhainní agus dliteanais airgeadra a shonraítear in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe**.**

# *Cuntais Ioncaim agus Caiteachais*

## *An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013*

| | Nótaí | 31 Nollaig 2013 €'000 | 31 Nollaig 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | | | |
| Cistiú Stáit | 2 | 127,982 | 134,046 |
| Cistiú AE | 3 | 2,483 | 2,433 |
| Ioncam oibríochtúil | 4 | 28,981 | 29,295 |
| Glan-chistiú iarchurtha do phinsin | 9 | 28,542 | 14,822 |
| Barrachas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 12 | 713 | 1,145 |
| Deontais, deonacháin agus tobhaigh dheonacha eile | | 3,000 | 2,500 |
| | | 191,701 | 184,241 |
| Caiteachas | 5 | 191,371 | 184,573 |
| | | 330 | (332) |
| Aistriú go dtí / (ó) Cuntas Caipitil | 11 | (1,533) | 158 |
| **(Easnamh) don bhliain airgeadais** | | (1,203) | (174) |
| **Iarmhéid ag tús na bliana** | | 10,233 | 10,407 |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | | 9,030 | 10,233 |

## Ráiteas ar Ghnóthachain & Caillteanais Aitheanta Iomlána

| | Nótaí | 31 Nollaig 2013 €'000 | 31 Nollaig 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| (Easnamh) don bhliain airgeadais | | (1,203) | (174) |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsean | 9 | 26,988 | 6,571 |
| Athruithe i dtoimhdí atá mar bhonn le luach reatha na ndliteanas pinsean | 9 | 0 | (329,741) |
| Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach ar dhliteanais pinsean | | 26,988 | (323,170) |
| Coigeartú ar chistiú pinsean iarchurtha | | (26,988) | 323,170 |
| (Caillteanas) Aitheanta Iomlán don bhliain | | (1,203) | (174) |

Baineann na méideanna thuas ar fad le hoibríochtaí leantacha. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 27.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
27ú Meitheamh 2014

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir
27ú Meitheamh 2014

# Clár Comhardaithe
## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 31 Nollaig 2013 €'000 | 31 Nollaig 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 12 | 96,584 | 95,051 |
| Sócmhainní airgeadais | 14 | 2 | 2 |
| | | 96,586 | 95,053 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 16 | 4,441 | 4,576 |
| Féichiúnaithe | 17 | 15,496 | 13,705 |
| Iarmhéideanna bainc | | 1,397 | 5,208 |
| Taiscí gearrthéarmacha | | 21,758 | 21,636 |
| | | 43,092 | 45,125 |
| **Creidiúnaithe** - Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 18 | 12,559 | 16,046 |
| Ioncam iarchurtha | 19 | 21,505 | 18,848 |
| | | 34,064 | 34,894 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 9,028 | 10,231 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh phinsin** | | 105,614 | 105,284 |
| Maoiniú pinsean iarchurtha | 9 | 1,276,842 | 1,275,288 |
| Dliteanais phinsean | 9 | (1,276,842) | (1,275,288) |
| | | 0 | 0 |
| **Glansócmhainní** | | 105,614 | 105,284 |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Cuntas caipitil | 11 | 96,584 | 95,051 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 9,030 | 10,233 |
| | | 105,614 | 105,284 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 27.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2014

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir
27 Meitheamh 2014

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
## An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 31 Nollaig 2013 €'000 | 31 Nollaig 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Imréiteach an bharrachais oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh) oibriúcháin | | (1,203) | (174) |
| Dímheas | 12 | 6,694 | 6,967 |
| Aistriú go dtí / (ó) cuntas caipitil | 11 | 1,533 | (158) |
| Ús faighte | | (567) | (667) |
| Brabús ar dhíolachán sócmhainní seasta | | (713) | (1,145) |
| Laghdú ar stoic | | 135 | 179 |
| (Méadú) i bhféichiúnaithe | | (1,791) | (2,863) |
| Laghdú) / Méadú ar chreidiúnaithe agus ar dhliteanais | | (3,487) | 1,628 |
| Méadú ar ioncam iarchurtha | | 2,657 | 6,380 |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 3,258 | 10,147 |

## Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

| | Nótaí | 31 Nollaig 2013 €'000 | 31 Nollaig 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 3,258 | 10,147 |
| **Toradh ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas** | | | |
| Ús faighte | | 567 | 667 |
| Glan insreabhadh airgid ó thuairisceáin ar infheistíocht agus seirbhísiú airgeadais | | 567 | 667 |
| **Gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a ghnóthú | 12 | (8,341) | (7,143) |
| Fáltais ó dhiúscairtí sócmhainní seasta inláimhsithe | | 827 | 1,479 |
| Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | (7,514) | (5,664) |
| **(Laghdú) / Méadú in airgead tirim** | 23 | (3,689) | 5,150 |
| **Imréiteach an glansreabhadh airgid le gluaiseacht i nglan-chistí** | | | |
| (Laghdú) / Méadú in airgead tirim | 23 | (3,689) | 5,150 |
| Glan-chistí ag 1 Eanáir | | 26,844 | 21,694 |
| **Glan-chistí ag 31 Nollaig** | | 23,155 | 26,844 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 27..

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2014

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir
27 Meitheamh 2014

**1Teagasc (an tÚdarás Talmhaíochta agus Forbartha Bia)**

Bunaíodh Teagasc (an tÚdarás Talmhaíochta agus Forbartha Bia) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Faoi Alt 21 den Acht, aistríodh na sócmhainní agus dliteanais ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais go Teagasc tráth a bhunaithe.

Éilíonn Acht 12 den Acht go gcoinneofar Cuntais i bhfoirm a d'fhéadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a fhaomhadh le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tugadh an faomhadh seo ar an 14 Lúnasa 1998

| **2 Cistiú Stáit** | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Cuimsíonn an méid a thaispeántar faoin gceannteideal seo: | | |
| Vóta 31: Talmhaíocht, Bia agus Mara | | |
| Deontas i gcabhair do chostais ghinearálta | 69,675 | 78,560 |
| Deontas i gcabhair d'aoisliúntas | 41,163 | 38,500 |
| Deontas d'acmhainní daonna | 11,000 | 11,400 |
| Taighde bia agus taighde talmhaíochta | 3,842 | 3,839 |
| Comhchlár taighde Stimulus | 1,647 | 1,094 |
| Deontas le haghaidh poiblíocht agus feasacht agus oiliúint foraoiseachta | 610 | 610 |
| Deontas um oideachas foraoise | 45 | 43 |
| | 127,982 | 134,046 |

| **3 Cistiú AE** | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam an tSuirbhé Feirme | 150 | 159 |
| INTERREG | 193 | 303 |
| Creatchlár VI | 94 | 300 |
| Creatchlár VII | 2,046 | 1,671 |
| | 2,483 | 2,433 |

Is iad na Creatchláir na príomhuirlisí airgeadais trína dtacaíonn an tAontas Eorpach le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, cláir a chuimsíonn na disciplíní eolaíocha go léir beagnach. Bhí feidhm le Creatchlár VI go deireadh na bliana 2006. Thosaigh Creatchlár VII ar 1 Eanáir 2007 agus tá feidhm leis go deireadh na bliana 2013.

Déanann Teagasc taighde arna mhaoiniú ag an AE tríd na Creatchláir. Cuirtear deontais maidir le taighde dá leithéid san áireamh mar ioncam nuair atá an caiteachas comhfhreagrach tabhaithe

**4 Ioncam oibriúcháin**

| | Oibríochtaí €'000 | Aistriú Eolais €'000 | Taighde €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Táillí na seirbhíse comhairleach | 0 | 10,128 | 315 | 10,443 | 10,842 |
| Táillí eile | 9 | 3,258 | 8,585 | 11,852 | 11,882 |
| Barrachas um thrádáil beostoic (Nóta 7) | 0 | 803 | 1,898 | 2,701 | 2,887 |
| Oibríochtaí feirmeoireachta eile | 0 | 766 | 1,888 | 2,654 | 2,363 |
| Fáltais cheaintín | 0 | 48 | 36 | 84 | 126 |
| Foilseacháin agus ilghnéitheach | 628 | 325 | 294 | 1,247 | 1,195 |
| | 637 | 15,328 | 13,016 | 28,981 | 29,295 |

**5Caiteachas**

| | Oibríochtaí €'000 | Aistriú Eolais €'000 | Taighde €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Pá (Nóta 8) | 4,699 | 30,651 | 33,906 | 69,256 | 71,307 |
| Pinsin (Nóta 9) | 69,351 | 0 | 0 | 69,351 | 59,138 |
| Taisteal agus cothabháil | 306 | 1,774 | 2,052 | 4,132 | 3,909 |
| Oiliúint Foirne | 501 | 4 | 29 | 534 | 528 |
| Costais oibriúcháin ghinearálta (Nóta 6)) | 6,540 | 8,477 | 17,884 | 32,901 | 35,051 |
| Táillí airgeadais | 51 | 0 | (16) | 35 | 16 |
| Dímheas (Nóta 12) | 258 | 1,436 | 5,000 | 6,694 | 6,967 |
| Deontais do choláistí príobháideacha (Nóta 15) | 0 | 2,958 | 0 | 2,958 | 3,019 |
| Deontais eile | 90 | 970 | 4,450 | 5,510 | 4,638 |
| | 81,796 | 46,270 | 63,305 | 191,371 | 184,573 |

| Áirítear i bpá iomlán de €69.256m | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Ragobair | 1,000 | 1,198 |
| Liúntais | 2,322 | 2,443 |
| Iomarcaíocht | 1,044 | 124 |

In 2013, fuair 164 ball foirne íocaíochtaí ragoibre. Bhí an méid aonair ab airde cothrom le €24,848.

| Taisteal agus cothabháil | Intíre €'000 | Thar Lear €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cothabháil | 1,189 | 280 | 1,469 | 1,373 |
| Mótar thaisteal | 2,352 | 0 | 2,352 | 2,247 |
| Aerlínte agus báid farantóireachta | 0 | 311 | 311 | 289 |
| | 3,541 | 591 | 4,132 | 3,909 |

**6 Anailís ar chaiteachais oibriúcháin ghinearálta**

| | Oibríochtaí | Aistriú Eolais | Taighde | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Soláthairtí / seirbhísí feirmeoireachta | 2 | 915 | 3,020 | 3,937 | 5,079 |
| Cothabháil / deisiúcháin | 171 | 2,299 | 3,420 | 5,890 | 6,516 |
| Cíosanna / rátaí / árachais | 38 | 592 | 1,525 | 2,155 | 2,274 |
| Postas / teileafóin | 650 | 1,059 | 364 | 2,073 | 2,049 |
| Cumhacht / breosla / peitreal | 163 | 827 | 1,707 | 2,697 | 2,656 |
| Soláthairtí saotharlainne | 0 | 2 | 3,610 | 3,612 | 4,234 |
| Priontáil / stáiseanóireacht / poiblíocht | 1,011 | 692 | 667 | 2,370 | 2,705 |
| Soláthairtí seimineáir / seomra ranga / | 21 | 636 | 879 | 1,536 | 1,621 |
| Seirbhísí ghníomhaireachtaí seachtracha | 0 | 760 | 621 | 1,381 | 1,390 |
| Soláthairtí do cheaintín na mac léinn agus | 55 | 363 | 258 | 676 | 825 |
| Táille Iniúchta | 47 | 0 | 0 | 47 | 47 |
| Soláthairtí / seirbhísí TFC | 3,564 | 69 | 294 | 3,927 | 2,868 |
| Táillí dlí / gairmiúla | 812 | 137 | 974 | 1,923 | 2,126 |
| Costais ilghnéitheacha na gclár | 0 | 113 | 523 | 636 | 606 |
| Imeachtaí speisialta agus ilghnéitheach | 6 | 13 | 22 | 41 | 55 |
| | 6,540 | 8,477 | 17,884 | 32,901 | 35,051 |

**7 Barrachas trádála beostoic**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Díolacháin | 3,101 | 3,622 |
| Deontais agus fóirdheontais | 566 | 611 |
| Ioncam iomlán ó thrádáil beostoic | 3,667 | 4,233 |
| Stoc tosaigh | 3,920 | 3,960 |
| Ceannacháin | 692 | 1,306 |
| | 4,612 | 5,266 |
| Lúide: Stoc deiridh | (3,646) | (3,920) |
| Costas iomlán na ndíolachán beostoic | 966 | 1,346 |
| Barrachas ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais (Nóta 4) | 2,701 | 2,887 |

**8 Foireann**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Seo a leanas an meánlíon foirne a fostaíodh i rith na bliana: | | |
| Gairmiúil | 623 | 631 |
| Teicniúil | 145 | 151 |
| Riarachán/cléireachas | 201 | 211 |
| Feirm/teaghlaigh | 155 | 167 |
| | 1,124 | 1,160 |

| Seo a leanas luach saothair an Stiúrthóra: | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Bunphá | 149 | 153 |
| Sochar comhchineáil (Gluaisteán) | 10 | 10 |
| | 159 | 163 |

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsean an Stiúrthóra múnla na hearnála poiblí i ndáil leis an scéim aoisliúntais sochair shainithe.

Táthar tar éis asbhaintí pinsean coibhneasach de chuid €4,344,462 a asbhaint ó thuarastail agus a íoc leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Le linn 2013 bronnadh conarthaí tréimhse éiginnte ar naonúir bhall foirne mar thoradh ar éisteachtaí ag an gCúirt Oibreachais agus an Coimisinéir um Chearta.

**9 Aoisliúntas**

Faoi Alt 9 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 déantar foráil do bhunú na scéimeanna i dtaca le sochair aoisliúntais a bhronnadh maidir le baill foirne ceaptha ag Teagasc agus baill foirne aistrithe go Teagasc ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais.

Go dtí go mbeidh na dréachtscéimeanna aoisliúntais faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag an Aire Airgeadais agus ag an Oireachtas, is ar bhonn riaracháin a bheidh na scéimeanna aoisliúntais á reáchtáil ag Teagasc.

Chomh maith leis sin, tá Teagasc i mbun dhá scéim aoisliúntais a riar (Scéim Aoisliúntais Bhaill Foirne na gColáistí Talmhaíochta 1985 agus Scéim Phinsean Ranníocaíochta Chéilí agus Leanaí na gColáistí Talmhaíochta 1985) maidir le baill foirne áirithe a bhí fostaithe ag Coláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta faoi úinéireacht phríobháideach, arb é an Státchiste atá freagrach as costas a dtuarastal tríd an ngníomhaireacht Teagasc.

Is scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe iad na scéimeanna thuasluaite. Ní choimeádtar aon chiste ná sócmhainní ar leithligh, chun íocaíocht pinsean agus aiscí a mhaoiniú. Taispeántar sa Chlár Comhardaithe meastachán achtúireach na ndliteanas todh chaíoch atá ag fabhrú maidir le sochair thodhchaíocha.

Bhí meánlíon na bpinsean míosúil a íocadh i rith na bliana cothrom le 1,682 (2012 – 1,665).

.

Costais Aoisliúntais

**(i) Anailís ar chostais iomlána na bpinsean a gearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais**

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 28,962 | 16,503 |
| Ús ar dhliteanais scéime | 43,858 | 46,513 |
| Ranníocaíochtaí foirne | (3,469) | (3,878) |
| | 69,351 | 59,138 |

**(ii) Gluaiseacht i nglandliteanas pinsean i rith na bliana airgeadais**

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Glandliteanas pinsean ag 1 Eanáir | 1,275,288 | 937,296 |
| Costas seirbhíse reatha | 28,962 | 16,503 |
| Sochair íoctha | (44,278) | (48,194) |
| Ús ar dhliteanais scéime | 43,858 | 46,513 |
| Caillteanas / (gnóthachan) achtúireach | (26,988) | 323,170 |
| Glandliteanas pinsean ag 31 Nollaig | 1,276,842 | 1,275,288 |

**(iii) Sócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh pinsean**

Tá Teagasc ag glacadh mar shócmhainn le méid atá ag comhfhreagairt don dliteanas neamh-chistithe iarchurtha do phinsin ar bhonn shraith toimhdí a bhfuil cur síos déanta orthu anseo thíos agus roinnt teagmhas a tharla san am atá caite. Cuimsíonn na teagmhais seo an bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú lena n-áirítear ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Ainneoin nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann i dtaobh na méideanna sonracha seo leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl fianaise ar bith ag Teagasc nach leanfaidh an beartas cistithe seo ar aghaidh ag freastal ar a leithéid sin de mhéideanna de réir an chleachtais reatha.

| Glan-chistiú iarchurtha do phinsin sa bhliain | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Cistiú in-aisghabhála maidir le pinsin na bliana reatha | 72,820 | 63,016 |
| Acmhainní curtha i bhfeidhm chun pinsin a íoc | (44,278) | (48,194) |
| | 28,542 | 14,822 |

Bhí an tsócmhainne chistithe iarchurtha do phinsin amhail ag 31 Nollaig 2013 cothrom le €1,277 milliún (2012 - €1,275milliún).

**(iv) Stair na ndualgas sochair shainithe**

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 | 2011<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Gnóthachan / (caillteanas) ó thaithí | 26,988 | 6,571 | 1,838 |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | 5% | 5% | 0.2% |
| | | | |
| Athruithe ar thoimhdí | 0 | (329,741) | (43,171) |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | 2.1% | 25.3% | 4.4% |
| | | | |
| Caillteanas/ (gnóthachan) actúireacha aitheanta san STRGL | 26,988 | (323,170) | (41,333) |

Is ionann an caillteanas achtúireach carntha aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána agus €184.388m..

**(v) Cur síos ginearálta ar an scéim**

Is ionann an scéim pinsean agus socrú pinsean sochair shainithe um thuarastal deiridh le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainmhíniú le tagairt do rialacháin scéime reatha "samhlacha" na hearnála poiblí. Cuirtear pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), cnapshuim aisce (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí ar fáil faoin scéim. Gnáth-aois scoir é breithlá 65 bliain an bhaill, agus tá siad siúd ar bhaill iad ó roimh 2004 i dteideal scoir gan laghdú achtúireach ó aois 60 bliain. Is gnách do phinsin in íocaíocht (agus iarchurtha) méadú i gcomh réir le boilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Táthar tar éis an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtaí FRS17 a bhunú ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách ar an 24 Eanáir 2014 d'fhonn dliteanais na scéime a mheas ar 31 Nollaig 2013.

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun dliteanais a ríomh faoi FRS17:

| | 2013<br>% per annum | 2012<br>% per annum |
|---|---|---|
| Méadú sa ráta boilscithe | 2.00 | 2.00 |
| Méadú sa ráta tuarastail | 3.50 | 3.50 |
| Méadú sa ráta pinsean | 3.50 | 3.50 |
| Ráta lascaine na ndliteanas scéime | 3.50 | 3.50 |

Tógann an bunús mortlaíochta a úsáidtear feabhsuithe ar ionchas saoil thar mhéid áirithe ama san áireamh, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ag aois scoir ar an mbliain a shroicheann comhalta an aois scoir (aois 65). Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar ionchas saoil na gcomhaltaí sin a mbeidh 65 bliana d'aois slánaithe acu in 2013 agus 2038

| Bliain a shroichtear aois 65 | 2013 | 2038 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fir | 88.1 | 90.5 |
| Ionchas saoil - mná | 89.3 | 91.5 |

Bunaithe orthu seo agus ar thoimhdí eile agus ag trí mhodh réamh-mheasta an aonaid forordaithe in FRS17 a úsáid, is ionann luach reatha na ndliteanas scéime pinsean agus na suimeanna seo a leanas:

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Dliteanas pinsean fabhraithe iomlán | 1,276,842 | 1,275,288 |

| **10 Táillí agus luach saothair chomhaltaí an Údaráis** | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Cawley, an Dr. Noel, Cathaoirleach | 21 | 21 |
| Gleeson, an tUas. Brendan | 0 | 0 |
| Christie Uasal, Marie | 12 | 14 |
| Pierce, an Dr. Karina | 12 | 0 |
| Collins, an tUas. Tom | 12 | 12 |
| Downey, an tUas. Eddie | 12 | 12 |
| Tynan, an tUas. Tom | 12 | 0 |
| Jagoe, an tUas. Alan | 3 | 0 |
| Fitzgerald, an tOll. Gerald | 3 | 0 |
| Fottrell, an Dr. Patrick | 0 | 9 |
| Cooke, an tUas. Tommy | 12 | 12 |
| Gibbons, an tUas. Pádraig | 12 | 12 |
| O'Mahony, an tUas. Frank | 9 | 12 |
| James, an tUas. Brett | 0 | 4 |
| Sweeney Uasal, Margaret | 0 | 6 |
| | 120 | 114 |
| **Iomlán na gcostas íoctha le comhaltaí an Údaráis** | 33 | 38 |

Níor cuireadh an prionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin i bhfeidhm i dtaca leis an Dr. Karina Pierce agus an tOllamh Gerald Fitzgerald a bhí fostaithe ag comhlachtaí poiblí.

| **11 Cuntas caipitil** | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 95,051 | 95,209 |
| Aistrithe ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | | |
| Méid caipitlithe maidir leis na sócmhainní ceannaithe | 8,341 | 7,143 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | (114) | (334) |
| | 8,227 | 6,809 |
| Lúide: Amúchta faoi réir dímheasa sócmhainne | (6,694) | (6,967) |
| | 1,533 | (158) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 96,584 | 95,051 |

| 12 Sócmhainní seasta inláimhsithe | Talamh | Foirgnimh | Sócmhainní i mBun Tógála | Gléasra & Trealamht | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Costas nó luacháil | | | | | |
| Ag tús na bliana | 5,810 | 110,235 | 5,219 | 70,732 | 191,996 |
| Breiseanna | 0 | 644 | 3,783 | 3,914 | 8,341 |
| Foirgnimh críochnaithe | 0 | 4,150 | (4,150) | 0 | 0 |
| Diúscairtí | 0 | (133) | 0 | (1,070) | (1,203) |
| Ag deireadh na bliana | 5,810 | 114,896 | 4,852 | 73,576 | 199,134 |
| Dímheas carntha | | | | | |
| Ag tús na bliana | 0 | 42,599 | 0 | 54,346 | 96,945 |
| Táille don bhliain | 0 | 2,569 | 0 | 4,125 | 6,694 |
| Diúscairtí | 0 | (88) | 0 | (1,001) | (1,089) |
| Ag deireadh na bliana | 0 | 45,080 | 0 | 57,470 | 102,550 |
| Glanmhéideanna leabhair | | | | | |
| Ag tús na bliana | 5,810 | 67,636 | 5,219 | 16,386 | 95,051 |
| Ag deireadh na bliana | 5,810 | 69,816 | 4,852 | 16,106 | 96,584 |

lSan áireamh sna hiarmhéideanna oscailte tá talún ag iomlánú 522.8 ha (1,291.3 acra) a d'aistrigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag luachanna ainmniúla, agus roinnt sócmhainní áirithe eile a athluacháladh ag 31 Nollaig 1975 nó 1 Iúil 1980. Tá cead ag Teagasc úsáid a bhaint as 34.15 ha (84 acra) talún atá faoi úinéireacht na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus ar an mbonn céanna tá cead ag an Roinn úsáid a bhaint as 27.1 ha (67 acra) atá faoi úinéireacht Teagasc. Níl muirear ar bith ar cheachtar páirtí de thoradh na socruithe seo.

Tá sócmhainní seasta áirithe atá curtha ar iontaoibh Teagasc cosanta ag reacht, agus níl cead na sócmhainní sin a dhíol.

San iomlán tá 55 oifig/lárionad ag Teagasc ar fud na tíre, a bhfuil 50 acu faoi úinéireacht Teagasc agus an 5 eile faoi réir comhaontuithe cíosa. Tá trí cinn de na comhaontuithe cíosa gearrthéarmach agus tiocfaidh deireadh leo laistigh de cúig bliana, ceann acu i gceann ocht mbliana agus léas fadtéarmach atá sa cheann deireanach le dáta deiridh ina leith le cinneadh go fóill.

Ag 31 Nollaig 2013 bhí na sócmhainní seo a leanas ina sheilbh ag Teagasc le díol:

| | Suim ghlanluacha ag 31 December 2013 |
|---|---|
| Suíomh i mBaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 0 |
| Iar-oifig chomhairleach i mBiorra, Co. Uíbh Fhailí | 0 |
| Suíomh sa Ráithín, Co. Luimnigh | 465 |
| Iar-oifig chomhairleach sa Tulach, Co. Cheatharlach | 0 |
| Iar-oifig chomhairleach i mBaile Átha Í, Co. Chill Dara | 0 |

B'ionann Luach Margaidh Chomhlán an cúig áitribh réadmhaoine i seilbh le díol agus  1.145m.

| Diúscairt Sócmhainní Seasta | Fáltais/ Costais 2013 €'000 | Fáltais/ Costais 2013 €'000 | Fáltais/ Costais 2012 €'000 | Fáltais/ Costais 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Fáltais ó dhíolachán réadmhaoine | | | | |
| Díolacháin réadmhaoine sa bhliain | 803 | | 1,468 | |
| Costas díolachán | (65) | 738 | (31) | 1,437 |
| Fáltais ó dhíolachán sócmhainní eile | | 89 | | 42 |
| | | 827 | | 1,479 |
| Glanluach leabhair na sócmhainní seasta diúscartha | | | | |
| Sócmhainní réadmhaoine | (45) | | (287) | |
| Sócmhainní eile | (69) | (114) | (47) | (334) |
| | | 713 | | 1,145 |

Níor aistríodh aon fháltais ó díolacháin sócmhainní chuig an Státchiste in 2013.

**13 Léasanna oibriúcháin**

Ag 31 Nollaig 2013, seo a leanas na ceangaltais bhliantúla a bhí ag Teagasc faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe:

| | Talamh agus foirgnimh €'000 | Gléasra & innealra €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Léasanna atá ag dul in éag: | | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 52 | 25 | 77 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 53 | 23 | 76 |
| Tar éis cúig bliana | 168 | 0 | 168 |
| | 273 | 48 | 321 |

**14 Sócmhainní airgeadais**

Tá trí infheistíocht bheag ag Teagasc i gcomharchumainn talmhaíochta ar chostas €1,243 san iomlán (2012 - €1,243).

Moorepark Technology Limited
Tá €650 infheistithe ag Teagasc i Moorepark Technology Limited agus tá sealúchas 57% aige i scairchaipiteal íoctha na Cuideachta (5,100 scaireanna ag €0.127). Is comhfhiontar í an Chuideachta, a ionchorpraíodh ar an 18 Eanáir 1991, idir Teagasc agus chomharchumainn éagsúla talmhaíochta.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais iniúchóireachta ar leithligh maidir leis an gCuideachta agus ba iad seo a leanas a gcuid torthaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013:

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Láimhdeachas | 1,527 | 1,508 |
| Brabús oibriúcháin roimh dhímheas, ús agus cáin | 397 | 170 |
| Dímheas (gan deontais amúchta san áireamh) | (211) | (216) |
| Fáltais úis | 9 | 8 |
| Cáin | (1) | (2) |
| (Caillteanas) Brabús i ndiaidh cánachais | 194 | (40) |
| Brabúis charntha go dtí 31 Nollaig | 359 | 165 |

Foráiltear i Meabhrán Comhlachais na Cuideachta go bhfuil páirtithe leasmhara i dteideal leas a bhaint as seirbhísí na Cuideachta ag rátaí fabhracha.

Ba iad seo a leanas na hidirbhearta trádála idir Teagasc agus Moorepark Technology Limited (ina gcuimsítear comhairleoireacht, anailísí agus úsáid áiseanna teicniúla agus áiseanna eile):

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Díolacháin Moorepark Technology Limited le Teagasc (san áireamh sa láimhdeachas) | 383 | 405 |
| Forchúitimh eile ó Teagasc (asbhainte ó chostas díolachán) | 132 142 | |
| Iomlán | 515 | 547 |
| Méideanna dlite le Moorepark Technology Limited ag 31 Nollaig | 97 | 45 |
| Díolacháin Teagasc le Moorepark Technology Limited | 72 | 71 |
| Méideanna dlite le Teagasc ag 31 Nollaig | 48 | 0 |

Faoi théarmaí Chomhaontú Thionscnóirí Moorepark Technology Limited, gheall Teagasc riachtanais shonraithe foirne a chur ar fáil do Moorepark Technology Limited as a chuid acmhainní féin, chomh maith le forchostais na Cuideachta a bhaineann le fóntas, stórais, cuntais agus eisilteach a fhrithghealladh. Seo a leanas na costais a bhí i gceist:

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Foireann | 179 | 197 |
| Eile | 30 | 30 |

Áirítear na suimeanna seo i gcaiteachas Teagasc faoi Thaighde (Nótaí 5 agus 6).
Úsáideann Moorepark Technology Limited sócmhainní faoi úinéireacht Teagasc, mar seo a leanas:

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Bunchostais | 1,196 | 1,196 |
| Glanluach Leabhair ag 31 Nollaig | 0 | 0 |

Áirítear na méideanna seo faoi Ghléasra agus Trealamh (féach Nóta 12 thuas).

De réir Chomhaontú na dTionscnóirí, léasaigh Teagasc a halla próiseála reatha ag Ionad Táirgí Déiríochta na Cloiche Léithe le Moorepark Technology Limited freisin ar chíos ainmniúil de €127 in aghaidh na bliana, mar aon le suíomh taobh leis a bhfuil áiseanna breise tógtha ag an gCuideachta air.

Measadh nár chuí é torthaí na Cuideachta a chomhdhlúthú.

**15 Coláistí Príobháideacha**

Soláthraíonn Teagasc tacaíocht do thrí choláiste talmhaíochta príobháideach mar seo a leanas:

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais do choláistí príobháideacha | 2,958 | 3,019 |
| Costais tuarastail na mball foirne ar iasacht le coláistí príobháideacha (san áireamh sa chaiteachas pá iomláni Nóta 5 thuas) | 605 | 558 |
| Costais soláthraí seirbhíse seachtraí le haghaidh seirbhísí teagaisc arna soláthar le coláistí príobháideacha (san áireamh sa chaiteachas oibriúcháin ginearálta i Nóta 5 thuas) | 98 | 0 |
| | 3,661 | 3,577 |

Léirítear deontais do choláistí príobháideacha glan ó chostas na leabhar oibre arna soláthar ag Teagasc leis na coláistí príobháideacha, cothrom le €91,050 (2012 €94,400).

**16 Stoic**

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Beostoc | 3,641 | 3,916 |
| Táirgí feirme, leasacháin agus stoic bheathaithe | 535 | 400 |
| Soláthairtí ginearálta | 265 | 260 |
| | 4,441 | 4,576 |

**17 Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí**

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 6,237 | 6,241 |
| Féichiúnaithe eile, réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 9,259 | 7,464 |
| | 15,496 | 13,705 |

Beidh na méideanna uile thuas dlite laistigh d'aon bhliain amháin.

**18 Creidiúnaithe** - Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Fabhruithe na gCreidiúnaithe | 7,553 | 9,247 |
| Creidiúnaithe trádála | 1,153 | 887 |
| IMAT/ÁSPC | 2,371 | 2,403 |
| Cáin bhreisluacha | 269 | 458 |
| Cáin shiarchoinneálach | 95 | 114 |
| Dul chun cinn taighde | 64 | 1,894 |
| Asbhaintí párolla eile | 864 | 957 |
| Éarlaisí in-aisíoctha | 190 | 86 |
| | 12,559 | 16,046 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | 2,735 | 2,975 |

**19 Ioncam iarchurtha**

Cuireann Teagasc taighde arna mhaoiniú go poiblí i gcrích de réir chonarthaí le hInstitiúidí Stáit eile, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ach go háirithe. Cuirtear deontais maidir le taighde dá leithéid san áireamh mar ioncam nuair atá an caiteachas comhfhreagrach tabhaithe faoi gach conradh.

Ar an 31 Nollaig seo a leanas mar a bhí foinse agus méid an ioncaim iarchurtha maidir le taighde agus tionscadail eile:

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| An Roinn Talmhaiochta, Bia agus Mara – réamhíocaíocht do thionscadail FIRM | 4,899 | 3,872 |
| An Roinn Talmhaiochta, Bia agus Mara – réamhíocaíocht do thionscadail Stimulus | 7,261 | 4,575 |
| Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa – Feachtas Sábháilteachta Bia | 183 | 190 |
| Suimeanna iarchurtha eile a bhaineann le taighde | 8,048 | 9,097 |
| Méideanna faighte roimh ré don obair a bhain le tabhairt chun críche díolacháin na talún i mBaile Átha an Rí. | 1,114 | 1,114 |
| | 21,505 | 18,848 |

**20 Léasanna airgeadais**

Ag 31 Nollaig 2013 ní raibh aon oibleagáidí ag Teagasc faoi léasanna airgeadais (2012 - Nialas).
Níor tabhaíodh aon mhuirir airgeadais i rith na bliana faoi léasanna airgeadais (2012 - Nialas).

**21 Ceangaltais chaipitil**

Bhí ceangaltais chaipitil gan íoc ag Teagasc ag 31 Nollaig 2013 cothrom le €3.24m a bhaineann le tógáil foirgneamh agus áiseanna san Áis Taighde agus Nuálaíochta, an Chloch Liath €2.84m agus i nGarraithe na Lus, Baile Átha Cliath 9 €0.4m (2012 - €2.8m).

**22 Ceangaltais deontais**

Bhí ceangaltais deontais gan íoc ag Teagasc ag 31 Nollaig 2013 cothrom le €9.073m a bhaineann le Comhaltaí Bhreathnach €5.188m, Deontais na gColáistí Príobháideacha €2.671m agus Deontais Eile €1.214m (2012 - €8.123m).

**23 Anailís ar athruithe i nglan-chistí i rith na bliana**

| | 1 Eanáir 2013 €'000 | Sreafaí Airgid €'000 | 31 Nollaig 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 5,208 | (3,810) | 1,398 |
| Rótharraingt bhainc | 0 | 0 | 0 |
| Éarlaisí gearrthéarmacha | 21,636 | 121 | 21,757 |
| | 26,844 | 3,689 | 23,155 |

**24 Comhaltaí an Údaráis – nochtadh idirbheart**

Tá an tÚdarás tar éis glacadh le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasa ag comhaltaí an Údaráis agus tá an tÚdarás tar léis cloí leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh idirbhearta ar bith i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh leas ag comhaltaí boird iontu.

**25 Infheistíocht Chaipitil/Fáltais ó dhíolacháin sócmhainní**

Áiríonn barrachas carntha an Údaráis €7.6m i dtaca le díolachán sócmhainní sna blianta 2007 go 2013. Fuair an tÚdarás cead ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun na cistí seo a choinneáil chun críocha infheistíochta caipitil. Tá achoimre anseo thíos de na figiúirí díolacháin agus caiteachais chaipitil

| | €'000 |
|---|---|
| Fáltais díolachán carntha coinnithe idir 2007 agus 2013 | 37,609 |
| Caiteachas caipitil charntha gaolmhar idir 2007 agus 2013 | (29,970) |
| San áireamh sa bharrachas carntha sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | 7,639 |

D'éirigh le Teagasc cead a fháil infheistíocht a dhéanamh sna tionscadail seo a leanas atá sceidealta, ar bun cheana féin nó comhlíonta:

| | Infheistithe 31 Noll 2013 €'000 | Buiséad go Críoch €'000 |
|---|---|---|
| Lárionad um Eolaíocht Bhitheach Ainmhí, an Ghráinseach, Co. na Mí | 4,545 | 55 |
| Áiseanna Taighde Caorach, Baile Átha an Rí | 971 | 150 |
| Áiseanna Mac Léinn, Garraithe na Lus | 2,090 | 410 |
| Feirm Theicneolaíochta / Thaispeána, Baile Átha an Rí | 36 | 134 |
| Forbairt áiseanna i mBaile an Ásaigh | 166 | 4,584 |
| Áis Taighde agus Nuálaíochta, an Chloch Liath | 601 | 3,099 |
| Áis Bith-thástála Muc, an Chloch Liath | 0 | 2,500 |
| Coláiste Chill an Dátúnaigh | 4,090 | 0 |
| Teach Pháirc na Darach | 4,000 | 0 |
| Saotharlanna Nútraiceodacha, Baile an Ásaigh | 3,500 | 0 |
| Saotharlanna Bia Feidhmithe, an Chloch Liath | 4,974 | 0 |
| Athchóiriú Foirgnimh Uí Mhaoilíosa | 1,646 | 0 |
| Saotharlanna Bithbhreosla Pháirc na Darach | 1,003 | 0 |
| Foirgneamh Comhshaoil Chaisleán Bhaile Sheáin | 1,000 | 0 |
| Tionscadail chaipitil eile | 1,348 | 0 |
| | 29,970 | 10,932 |

**26 Dliteanais Theagmhasacha**

Táthar tar éis an tÚdarás a chur ar an eolas i ndáil le roinnt éileamh (a) ó chliaint mar thoradh ar an soláthar seirbhísí agus (b) i ndáil le roinnt ábhar caidrimh thionsclaíoch.

Tá foráil déanta ag an Údarás sna ráitis airgeadais a léiríonn a mheastachán is fearr ar an dliteanas atá ag teacht aníos. Creideann an tÚdarás go ndéanfadh nochtadh faisnéise i ndáil lena fhorálacha dochar do thoradh na dlíthíochta ag eascairt ó na héilimh úd.

**27 Faomhadh na ráiteas airgeadais**

D'fhaomh an tÚdarás na ráitis airgeadais ar an 27 Meitheamh 2014.